Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projecks

Peace
Northern Ireland - Ireland - Scotland
European Regional Development Fund

Interreg
Northern Ireland - Ireland - Scotland
European Regional Development Fund




# Foras um Chláir Speisialta an AE

## Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2017

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
The Scottish Government
Riaghaltas na h-Alba
EUROPE & SCOTLAND
European Regional Development Fund
Investing in a Smart, Sustainable and Inclusive Future

# An Foras um Chláir Speisialta an AE
# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
# Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

Arna gcur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann faoin Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 Sceideal 1, Iarscríbhinn 2, Cuid 7, mír 1.3 agus mír 2.6 ag an Roinn Airgeadais agus faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais faoi Airteagal 49 (1) den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999

ar Déardaoin 29 Samhain 2018.

**© cóipcheart FSCAE 2018.**

Is féidir leat an foilseachán seo (seachas lógónna) a athúsáid saor in aisce i bhformáid nó i meán ar bith, faoi théarmaí an Cheadúnais Rialtais Oscailte. Chun breathnú ar an gceadúnas sin, tabhair cuairt ar **www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence**
nó seol ríomhphost chuig: **psi@nationalarchives.gsi.gov.uk**

Sa chás ina bhfuil faisnéis atá faoi chóipcheart tríú páirtí sainaitheanta againn, beidh ort cead a fháil ó na sealbhóirí cóipchirt sin atá i gceist.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi athúsáid na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas don bhliain 2017, scríobh chuig:

FCSAE,
An 7ú hUrlár, Foirgneamh Clarence Thiar, 2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann, BT2 7GP.

Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar an suíomh gréasáin dár gcuid ag
**www.seupb.eu**

Ba chóir ceist ar bith eile faoin doiciméad seo a sheoladh chugainn ag
**info@seupb.eu**

**Íomhá an chlúdaigh:**
Corina Creţu, Coimisinéir Eorpach ag labhairt leo siúd a bhí ag freastal ar fháiltiú a bhí mar chuid de thaispeántas dhá lá de thionscadail arna gcistiú ag PEACE agus INTERREG i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil.

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaih | **02** |
| Ról an Fhorais um Chláir Speisialta an AE | **06** |
| Príomhéachtaí na bliana 2017 | **08** |
| Forbhreathnú ar an gClár PEACE | **10** |
| Forbhreathnú ar an gClár INTERREG | **15** |
| Cláir Thrasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha | **19** |
| Comhroinnt na gClár in 2017 | **21** |
| Cuntais Bhliantúla | **25** |
| An tAguisín | **72** |

# Príomhfheidhmeannach Réamhrá

Is cúis áthais dom é go bhfuil Tuarascáil Bhliantúil 2017 á cur i láthair agam i mo ról mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FCSAE. Bliain rathúil a bhí ann don Fhoras mar gur lainseáladh líon tionscadal nua a chuirfidh bunathrú chun feabhais ar shaol na gcéadta míle duine ar fud Thuaisceart Éireann, sna Contaetha Teorann in Éirinn agus in Iarthar na hAlban.

Le chéile, tá na tionscadail ag cruthú gaolmhaireachtaí nua oibre agus comhpháirtíochtaí atá chun tairbhe gach duine atá páirteach iontu nach mbeadh ann in aon chur gan tacaíocht ó na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA. Tá siad chomh maith leis sin ag cur deireadh leis an rud ar a dtugaimse 'meon na teorann' trí idirghníomhaíocht dháiríre trasteorann agus trasphobail a spreagadh lena bhfuil an réigiún ar fad ag teacht chun bheith níos leathan-aigeanta maidir lena chuspóirí agus lena ghníomhartha araon.

Ag tús na bliana bhí sé de phribhléid agam páirt a ghlacadh i lainse tionscadail nua fhíor- spreagthaigh arna chistiú ag INTERREG VA atá ina chabhair chun comhrac leis an ngalar scamhóige toirmeascach ainsealach (nó COPD). Comhpháirtíocht uathúil trasteorann d'acadóirí agus d'institiúidí taighde is ea an tionscadal seo ar a dtugtar 'BREATH', agus tá siadsan ag déanamh taighde faoi na cúiseanna atá leis an mbail seo atá bagrach don bheatha, agus faoin gcaoi lena cóireáil agus lena cosc. Tá poitéinseal iontach ag baint leis ní amháin do na milliúin duine a bhfuil cónaí orthu san Eoraip, ach dóibh siúd atá buailte leis an COPD thart timpeall an domhain.

Cúpla mí ina dhiaidh sin, ghlac me páirt chomh maith i lainse tionscnaimh cheannródaíoch a bheidh ina chabhair chun an timpeallacht mhuirí a hosaint. 'COMPASS' a thugtar air agus déanfar iniúchadh leis an tionscadal seo, atá arna chistiú ag INTERREG VA, ar chúiseanna agus tionchar an truaillithe sna farraigí cósta thart timpeall ar Éirinn, Albain agus Tuaisceart Éireann. Tá cur chuige atá dírithe i bhfad chun cinn ag baint leis an tionscadal, agus cruthófar leis córais mhonatóireachta ardteicneolaíochta trasteorann chun an beathra luachmhar uisceach againn a chosaint anois agus i bhfad amach sa todhchaí.

Baineadh leas as cistiú INTERREG VA chomh maith mar chatalaíoch chun dhá eochair-fhóntas phoiblí a thabhairt le chéile chun an truailliú a chomhrac agus feabhas a chur ar chaighdeán an uisce. Faoin ainm tionscadail 'SWELL' tá Uisce Éireann agus NI Water araon ag tabhairt faoi phróiseas chun áiseanna cóireála fuíolluisce a uasghrádú, a rachaidh chun tairbhe 100,000, líon iontach daoine, ar bhonn trasteorann.

Fógraíodh na sonraí den ghlasbhealach nua trasteorann Cairlinn go dtí an tIúr arna chistiú ag INTERREG VA sa samhradh. Tá an bealach nua taistil inbhuanaithe trasteorann 10km ar fhad, tá sé deartha chun astuithe carbóin a laghdú trí chomaitéirí a spreagadh chun a gcarranna a fhágáil sa mbaile, agus nascfaidh sé Ó Méith leis an Iúr agus Marina Chairlinn le baile Chairlinn.

Baineadh úsáid as cistiú INTERREG VA chomh maith chun tacú le líon tionscadal Taighde agus Nuála i gcaitheamh na bliana. Orthu seo bhí infheistíocht €5.8 milliún chun 'sár-bhraisle' trasteorann a chruthú do ghnólachtaí atá ag obair in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite. Faoi threoir South West College, cruthófar le tionscadal an 'Innill In-athnuaite' taighde dar luach suas le 57 bliain chun cur le cumas iomaíochta na ngnólachtaí go léir atá páirteach ann.

D'éirigh chomh maith céanna le Clár PEACE IV i gcaitheamh 2017. Deonaíodh cistiú d'údaráis áitiúla ar fud Thuaisceart Éireann ar fad agus Réigiún na Teorann in Éirinn. Bainfear leas as an tacú seo i gcomhair trí snáithe ar leith, lena léireofar trí cinn de phríomhaidhmeanna an Chláir. Deonófar cistiú i gcomhair tionscadal caipitil foirgníochta spáis chomhroinnte a bheidh mar spásanna sábháilte lena n-úsáid ag na pobail go léir. Tabharfar tacaíocht chomh maith chun féinmheas, agus meas ar dhaoine eile a fhorbairt i measc an-chuid de na daoine óga is soghonta againn, mar aon le tacaíocht do thionscnaimh nua chun athmhuintearas a chur chun cinn idir pobail dheighilte.

Ar an drochuair, tá an-chuid daoine a chónaíonn i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in Éirinn cráite ag ardleibhéil ciníochais agus seicteachais. Tá Clár PEACE IV deartha go sainiúil chun cur ina aghaidh seo agus tá infheistithe aige i dtionscadail nua nuálacha a ligfidh do dhaoine maireachtáil saor ón gclaontacht agus ón bhfuath.

Gar do dheireadh na bliana fógraíodh cistiú dar luach timpeall ar €15 milliún do 13 thionscadal éagsúla trasteorann a chuirfidh athrú chun feabhais ar an gcaoi a mbreathnaíonn daoine as pobail éagsúla ar a chéile, agus ar an gcaoi a gcaitheann siad lena chéile. Tabharfar aird ar leith leis na tionscadail seo ar mhionghrúpaí atá imeallaithe go traidisiúnta ag an bpobal mór.

Deonaíodh timpeall ar €1 milliún don Migrant Rights Centre Ireland i gcomhair tionscadail dar teideal 'Crossing Borders Breaking Boundaries' chun déileáil go díreach leis an idirdhealú in aghaidh inimirceach ina gcónaí sa réigiún gur as an AE iad agus in aghaidh inimirceach nach as an AE iad. Táirgfear taighde mionsonraithe faoi fhadhbanna a choisceann inimircigh ó rochtain ar an margadh saothair agus beidh sé ina chabhair chun bealach a aimsiú dóibh fáil imeasctha sa phobal.



Deonaíodh €1 milliún eile do Youth Action NI chun an tionscadal 'Youth Network for Peace' a chur i gcrích. Tionscnamh nua corraitheach é seo atá ceaptha do pháistí idir 15-25 bliain agus cruinneoidh sé le chéile dhá eagraíocht óige dhéag den chéad uair riamh, ó dhá thaobh na teorann. Is é is aidhm dó ná suas le 10,000 duine óg a bhaint amach nach raibh an deis acu riamh bualadh le daoine as cultúr agus cúlra eile ná foghlaim uathu.

I Samhain 2017 d'fhógraíomar €33.1 milliún de thacaíocht don 'oideachas comhroinnte', ceann de phríomhchrainn taca an Chláir PEACE IV. Bainfear leas as an gcistiú chun timthriall an tseicteachais atá ann i gcónaí sa tsochaí againn a bhriseadh, trí cabhrú leis na deicheanna míle páiste scoile páirt a ghlacadh in ábhair den churaclam comhchoiteann lasmuigh dá ngnáth-thimpeallacht ranga.

Agus sin á dhéanamh acu beidh siad in ann caidrimh nua bríocha a chur ar bun le páistí i gcomhaois leo féin nár casadh riamh orthu roimhe sin. Beidh an tacaíocht ar fáil ar bhonn trasteorann agus tá an cumas inti dul i gcion go buan ar an gcéad ghlúin eile.

I rith 2017 bhíomar gafa chomh maith leis na Cláir INTERREG VB Trasnáisiúnta agus INTERREG VC Idir-réigiúnach a chur chun cinn. Mar thoradh air seo, bhí FCSAE in ann tacú le comhpháirtíochtaí nua, nuálacha a fhorbairt, go háirithe an tionscadal GenComm le Belfast Metropolitan College.

Táimid ag obair anois chun na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA a chur i bhfeidhm ina n-iomláine chun a chinntiú go mbíonn an comh-leithdháileadh iomlán de bhreis is €0.55 billiún caite faoi dheireadh na tréimhse reatha cláraithe.

Is mian liom an deis seo a thapú baill na gCoistí Monatóireachta agus Stiúrtha do PEACE IV agus INTERREG VA a admháil. Tá díograis agus tiomantas thar barr léirithe ag gach aon bhall díobh ar feadh tréimhse a bhí an-dúshlánach agus an-bhroidiúil. Is mian liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le Cathaoirleach neamhspleách agus le baill Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí FCSAE as a gcomhairle agus a dtacaíocht.

I gcaitheamh na bliana, tugadh cuireadh dom fianaise a thabhairt roimh roinnt coiste Rialtais ar líon ócáidí maidir leis na cláir as a bhfuilimid freagrach. Ar 15 Márta 2017, tugadh cuireadh do FCSAE labhairt le Comhchiste an Oireachtais um Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Ar 25 Bealtaine 2017 tugadh cuireadh dom fianaise a thabhairt roimh Choiste Speisialta Roghnaithe an tSeanaid ar imeacht na Breataine as an AE. Ar 17 Samhain 2017, iarradh ar FCSAE freisin cur i láthair a thabhairt roimh an gComhchoiste ar Fheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Táim an-bhródúil as bheith i gceannas ar fhoireann de dhaoine fíor-spreagtha a chreideann go hiomlán sa mhéid atá na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA ceaptha chun a bhaint amach. Agus sinn ag dul ar aghaidh chuig tréimhse an-bhroidiúil feidhmithe táim muiníneach ar fad go bhfuil ar a gcumas na cláir fhíor-riachtanacha seo a sheachadadh.

Fáiltím chomh maith roimh an tacaíocht leanúnach ónár Ranna Urraíochta, an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn; mar aon leis na ranna iomadúla eile lena n-oibrímid i dTuaisceart Éireann, in Éirinn agus in Albain, leis an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas agus ar ndóigh an leis an gCoimisiún Eorpach.

Táim muiníneach go mbeimid in ann leanúint leis an móiminteam a bhaineann leis na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA araon agus is cúis áthais liom tuilleadh tionscadal a fheiceáil ag dul ag cur a n-aidhmeanna lárnacha ar fáil. Tá spriocanna uaillmhianacha caiteachais le baint amach againn ach tá lánmhuinín agam go mbeimid in ann iad a bhaint amach in am.

In ainneoin na ndúshlán, táimid dóchasach faoi na hionchais do na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA. Sa chomhthuarascáil dhul chun cinn ar Brexit i mí na Nollag seo caite, gheall an AE agus an RA a gcuid tiomantas i leith na gClár PEACE IV agus INTERREG VA a chomhlíonadh faoin gCreat reatha Airgeadais Ilbhliantúil, agus na féidearthachtaí maidir le tacaíocht amach anseo a scrúdú go fabhrach. Léirigh siad leis sin a dtiomantas do na cláir reatha a chur i bhfeidhm go rathúil agus do chláir eile ina ndiaidh tar éis 2020.

Ina theannta sin, i mBealtaine 2018, mhol an Coimisiún Eorpach Clár nua speisialta PEACE PLUS a bheadh ceaptha chun tógáil ar obair na gClár PEACE IV agus INTERREG VA roimhe sin. Agus sinn ag dul ar aghaidh beimid i gcónaí ag monatóiriú forbairtí nua de réir mar a n-éiríonn siad.

**Gina McIntyre**
**PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN**
**FORAS UM CHLÁIR SPEISIALTA AN AE**




**Sa phictiúr (c-d) ag lainse oifigiúil an tionscadail 'Inneall In-athnuaite' arna chistiú ag INTERREG VA, tá Michael McAlister, Príomhfheidhmeannach ag South West College, Rachel Coulter, Taighdeoir Iar-dhochtúireachta ag South West College agus Paul Boylan, Bainisteoir Clár ag FCSAE. Tabharfaidh an tionscadal tacaíocht fhócasaithe do thaighde agus nuáil do ghnólachtaí a speisialaíonn sa bhfuinneamh in-athnuaite agus ard-dhéantúsaíocht.**

# Ról an Fhorais um Chláir Speisialta an AE

## Ár Misean

“Feabhas a chur ar shaol na ndaoine tríd an gcomhpháirtíocht agus tríd an gcomhoibriú trasteorann”.

## Ár bhFís

“Rachaidh FCSAE i gcion go dearfach agus go buan ar na daoine sa réigiún trí chláir comhoibrithe a chur ar fáil go rathúil, thar ceann an dá Rialtas agus an Choimisiúin Eorpaigh. Oibreoimid le leibhéil arda ionracais, agus beidh meas againn ar ilghnéitheacht gach duine sa réigiún. Beimid dár bhfeabhsú i gcónaí, ag cur leis an tsimplíocht agus ag spreagadh na foirne chun a seacht ndícheall a dhéanamh trí éiteas na hoibre foirne go hinmheánach agus go seachtrach”.

**Míniú ar Ár Ról**

Comhlacht Thuaidh/Theas arna bhunadh faoin gComhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Comhaontú) is ea an Foras um Chláir Speisialta an AE (FCSAE) agus tháinig sé i bhfeidhm ar 2 Nollaig 1999.

Ordaítear leis an gComhaontú go gcuirfidh FCSAE i bhfeidhm na beartais a bheidh ordaithe ag an gComhaireacht Thuaidh Theas (NSMC) de réir mar atá mionsonraithe ag an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus ag an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 arna leasú.

Comhlíonann FCSAE ról an Údaráis Bhainistíochta agus Údaráis Dheimhnithe mar aon leis an gComhrúnaíocht (JS) do na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA (2014-2020) a chur ar fáil.

Bíonn ról leathan ag FCSAE maidir le tacú le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gCláir Trasnáisiúnta INTERREG VB a bhaineann le Tuaisceart Éireann. Ina theannta sin, bíonn ról comhairleach agus ról mar tháscaire ag FCSAE i dtaca le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gClár Idir-réigiúnach INTERREG VC.



Siamsa á chur ar fáil ag amhránaí áitiúil Róise McHugh don lucht éisteachta ag lainse an tionscadail arna chistiú ag PEACE IV 'Youth Network for Peace'.

# Príomhéachtaí do 2017

| Cuspóirí Corparáideacha | Torthaí Tábhachtacha |
|---|---|
| **1. Torthaí na gClár PEACE agus INTERREG a bhaint amach agus cur lena n-astuithe, trí thacú le tionscadail a uasmhéadóidh an rannchuidiú a dhéantar leo leis an tsochaí.** | • Leithdháileadh 92% de chistiú INTERREG VA agus 73% de chistiú PEACE IV agus eisíodh 106 litir tairisceana do thionscadail.<br><br>• Baineadh amach sprioc INTERREG VA N+3.<br><br>• Forbraíodh clár oiliúna agus rollaíodh amach é do Chomhpháirtithe Tosaigh na dtionscadal i gcaitheamh 2017.<br><br>• Cuireadh na Tuarascálacha Deiridh Feidhmithe (FIRs) do na Cláir PEACE III agus INTERREG IVA faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. |
| **2. Cur le feidhmíocht ghnó FCSAE agus a bhaill foirne trí phróisis éifeachtacha, éifeachtúla riaracháin a chur i bhfeidhm laistigh de chreat rialála corparáidí atá ceaptha chun riachtanais cuntasaíochta a shásamh.** | • I gcomhréir le Pleananna Measúnachta do na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA cuireadh an chéad Mheasúnacht Feidhmithe (Tuarascáil Eatramhach) i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2017.<br><br>• Cuireadh na Tuarascálacha Feidhmithe Bliantúla don dá Chlár faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoin spriocdháta rialála ar 30 Meitheamh 2017.<br><br>• Tháinig Coiste Monatóireachta PEACE IV le chéile ar 24 Bealtaine 2017 agus ar 29 Samhain 2017.<br><br>• Tháinig Coiste Monatóireachta INTERREG VA le chéile ar 18 Eanáir 2017 agus ar 6 Meán Fómhair 2017.<br><br>• Seachadadh eMS in am i Márta 2017 chun an spriocdháta oibríochtúil a shásamh a theastaigh do PEACE agus INTERREG araon. Shainaithin an Foras cúig eochair-réimse ina raibh gá le feabhsú laistigh den chóras d'fhonn go sásódh sé riachtanais a bhí sainiúil don ghnó. Go nuige seo, tá ceithre riachtanas as na cúig riachtanas seo seachadta go rathúil agus tá an riachtanas deiridh ar an mbealach chun a sheachadta faoin spriocdháta deiridh ag deireadh mhí Mhárta 2018. |

| Cuspóirí Corparáideacha | Torthaí Tábhachtacha |
|---|---|
| **3. Oibriú i gcomhpháirtíocht le hiarratasóirí agus tairbhithe chun a chinntiú go gcuirtear tionscadail i bhfeidhm de réir a litreacha tairisceana.** | • Ceardlanna maidir le cuirí chun cistiú a iarraidh do PEACE IV ar fud limistéar intofa an Chláir.<br><br>I rith 2017, rinne FCSAE na príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leo go réamhghníomhach chun tionscadail a chur ar aghaidh in éineacht le comhpháirtíochtaí Tuaisceartacha agus trasteorann. Faoi dheireadh 2017, bhí iomlán de 40 tionscadal le comhpháirtí Tuaisceartach amháin ar a laghad faofa agus 48 comhpháirtithe Tuaisceartacha ar fad gafa leis. Tiomnaíodh iomlán de €11.6m de CFRE do na comhpháirtithe sin.<br><br>• Bhainistigh FCSAE i gcónaí freisin próiseas an Chéad Leibhéal Rialaithe do na comhpháirtithe as Tuaisceart Éireann atá faofa faoi Chláir Interreg VB/VC. |
| **4. Infheistiú i bhforbairt na n-acmhainní daonna againn chun a chinntiú go mbíonn lucht foirne ar an eolas, fíor-spreagtha, solúbtha agus tacúil; agus foirne agus líonraí láidre a chothú.** | • Chruthaigh FCSAE suíomh idirlín nua chun cabhrú le hobair an Fhorais mar aon le hobair na gClár nua PEACE IV and INTERREG VA. Chuaigh an suíomh beo i mí Iúil 2017.<br><br>• D'oibrigh FCSAE go dian i gcónaí in 2017 chun a chinntiú gur baineadh amach éifeachtúlachtaí san áit oibre agus gur comhlíonadh na spriocanna íocaíochta praise.<br><br>• I dtéarmaí rátaí asláithreachta, ba é an Céatadán de Laethanta Oibre a Cailleadh as an Iomlán de Laethanta Oibre a bhí ar Fáil ná 4.62% i gcoinne sprice de níos lú ná 3%. Ba é an Meánlíon Laethanta a Cailleadh in aghaidh an Fhostaí ná 9.31 lá i gcoinne sprice de níos lú ná 6.5 lá. |

# Léargas ar Chlár PEACE

Tionscnamh uathúil trasteorann atá i gClár PEACE IV, arna chistiú ag an gciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach (ERDF) agus arna cheapadh chun tacú leis an tsíocháin agus an athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in Éirinn.

Bunaíodh an Clár PEACE i 1995 agus is é an tAontas Eorpach a chruthaigh é mar fhreagairt ar na forbairtí dearfacha i bpróiseas na síochána i dTuaisceart Éireann, ar a n-áirítear na sosanna cogaidh i 1994.


De réir mar a tháinig éabhlóidiú agus aibíocht ar an bpróiseas tá páirt mhór comhlíonta ag na Cláir PEACE chun dul chun cinn i dtreo sochaí níos cobhsaí agus níos síochánta a threisiú. Is ríléir fós na deighiltí idir na pobail, áfach. Is beag an muinín atá acu as a chéile agus tá an-chuid scaradh cónaitheach agus sóisialta ann. Is minic a eascraíonn teannais idir an dá phobal agus polarú méadaithe as ceisteanna a bhaineann le léiriú na féiniúlachta.

Sa chomhthéacs seo tá an-riachtanas ann i gcónaí go mbeifí ag dul i ngleic le roinnt eochair-cheisteanna sa réigiún d'fhonn tacú leis an bpróiseas síochána i gcoitinne. Orthu seo tá tuilleadh iarrachtaí chun athmhuintearas a fhorbairt agus a threisiú idir pobail dheighilte; méadú ar an gcaoinfhulaingt agus ar an urramú chun na leibhéil seicteachais agus ciníochais a laghdú; comhtháthú méadaithe i measc na bpobal a chur chun cinn; agus tabhairt faoi droch-oidhreacht an ama a chuaigh thart.

Tá luach iomlán de tuairim is €270m ar an gClár nua PEACE IV, áirítear air seo rannchuidiú de €229m (85%) ón CFRE agus ciste comhoiriúnaithe de €41m (15%) arna rannchuidiú ag Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.


Tá ceithre eochair-chuspóir ag an gClár áit gur mian leis athrú suntasach, buan a dhéanamh i dtéarmaí 'Oideachas Comhroinnte'; 'Leanaí & Daoine Óga'; 'Spáis & Seirbhísí Comhroinnte; agus 'Caidrimh Dhearfacha a Thógáil'.

**Leibhéal Tiomantais an Chláir**




Faoi dheireadh 2017, bhí 70% de luach iomlán an chláir tiomanta do 80 tionscadal éagsúil.

**Luach an Leithdháilte Maoine**




Faoi dheireadh 2017, bhí tuairim is €189m as €270m, luach iomlán an chláir leithdháilte.

Sna staidéir cáis seo a leanas, tugtar mionsonraí breise ar chuid de na tionscadail nua do thréimhse na gClár do 2014-2020.

# Cistiú PEACE do Phleananna Aicsin Áitiúla

**Táthar ag baint úsáide as cistiú PEACE IV chun cur i gcoinne na n-ardleibhéal ciníochais agus seicteachais atá ann i gcónaí sa tsochaí againn. Mar a tharla le PEACE III, is iad na húdaráis áitiúla ar fud Thuaisceart Éireann agus réigiún na teorann in Éirinn, a bhfuil tuairim is an tríú cuid de luach iomlán Chlár PEACE IV an AE leithdháilte dóibh, a thacóidh leis an obair seo.**

Bainfear úsáid as an gcistiú i gcomhair roinnt tionscadal agus tionscnamh a bheidh bunaithe go háitiúil chun caidreamh dearfach a chur chun cinn idir daoine as an-chuid cúlraí agus cultúr éagsúil. Beidh sé ina chabhair le pobail áitiúla chun an cumas a fháil chun déileáil go dearfach leis an ilghnéitheacht agus leis an difríocht.

Faoin gclár reatha tá tacaíocht leithdháilte faoi thrí snáithe ar leith, d'fhonn cabhrú le caidreamh dearfach a thógáil, tacú le forbairt páistí agus daoine óga soghonta, mar aon le spásanna nua poiblí comhroinnte a thógáil gur féidir le cách iad a úsáid. Beidh gach aon chomhairle freagrach as a plean aicsin PEACE féin a sheachadadh, é comhoiriúnaithe do riachtanais uathúla an phobail áitiúil.




**Brenda Hegarty, Bainisteoir Cláir le FCSAE ag labhairt ag lainse oifigiúil Phlean Aicsin PEACE Chomhairle Contae Liatroma.**



**Ionadaithe ó Chomhpháirtíocht PEACE IV in éineacht le Maor Chomhairle Cathrach Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh, Tim Morrow agus Gina McIntyre, POF FCSAE ag freastal ar lainse oifigiúil an chistithe don Chomhairle ó PEACE IV.**




Gina McIntyre, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin FCSAE i gcuideachta le beirt rannpháirtithe óga sa tionscadal Youth Network for Peace, Paddy Boyd as Béal Feirste Thuaidh agus Lisa Black as Béal Feirste Thoir.

# 'Youth Network for Peace'

**Tá tuairim is €1m deonaithe i gcomhair tionscadail óige trasteorann atá fíornuálach agus a thabharfaidh le chéile suas le 10,000 duine óg idir 15-25 bliain d'aois.**

Is é is aidhm leis an tionscadal 'Youth Network for Peace' ná teagmháil bhríoch a spreagadh idir daoine óga nach mbeadh an deis acu ina saol laethúil chun bheith i dteagmháil le duine as cúlra nó pobal eile ná chun foghlaim i dtaobh an duine sin.

Éascófar leis an teagmháil seo trí roinnt gníomhaíochtaí éagsúla ar a n-áirítear ócáidí comhphlé; banc don óige; ócáidí daonlathais; mar aon le stáisiún raidió arna reáchtáil ag na daoine óga féin. Trí mheán na ngníomhaíochtaí seo, beidh an teagmháil bhríoch, mharthanach, a bhfuil cuspóir leis idir daoine óga as pobail éagsúla mar thoradh ar an tionscadal.

Youth Action NI a bheidh i gceannas ar an tionscadal agus oibreoidh sé ar bhonn trasteorann, ag cruthú dó comhpháirtíocht uathúil idir an-chuid eagraíochtaí óige éagsúla nár oibrigh lena chéile riamh cheana. Orthu seo tá an Northern Ireland Youth Forum; Farmer's Clubs of Ulster; Fóram na nÓg; Foróige; the Irish Youth Foundation; Youth Work Ireland; Youth Work Ireland Louth; Youth Work Ireland Monaghan; Donegal Youth Service, agus Macra na Feirme.


**"Beidh an stáisiún raidió ar líne agus an cainéal meán sóisialta arna reáchtáil ag daoine óga ina lárchuid den tionscadal dinimiciúil seo. Beidh an tionscadal á mhaoirsiú ag Comhlacht Stiúrtha Óige déanta suas de 25 ball agus ag 13 comhpháirtí oibre óige trasteorann. Tá poitéinseal forleathan sa tionscadal seo, cuirfidh sé a thuilleadh le daonlathas na hóige agus cuirfidh sé daoine óga os comhair an phobail mar shócmhainní faoi láthair agus amach anseo."**
**Martin McMullan, Youth Action NI.**

# Cistíonn PEACE IV 'Oideachas Comhroinnte'

**I Samhain 2017, d'fhógair FCSAE go hoifigiúil go leithdhálfaí cistiú AE PEACE IV dar luach €33.1 milliún mar thaca le 'hoideachas comhroinnte'.**

Bíonn tionscnaimh don oideachas comhroinnte ina gcabhair le baic a leagan trí dheis a thabhairt do dhaoine óga foghlaim ó phobail seachas a bpobal féin.

Cruinníonn sé le chéile páistí scoile agus múinteoirí ó chúlraí difriúla reiligiúnacha agus socheacnamaíocha nach mbeadh an deis acu de ghnáth meascadh lena chéile. Sa chaoi sin táthar ag súil go rachaidh an tacaíocht chun timthriall an tseicteachais atá ann i gcónaí sa tsochaí againn a bhriseadh,



Leithdhálfar an cistiú ar bhonn trasteorann, agus úsáidfear é chun tacú le hoideachas comhroinnte laistigh de Thuaisceart Éireann agus réigiún na teorann in Éirinn, trí ábhair curaclam-bhunaithe ar a n-áirítear litearthacht, uimhearthacht agus STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic).

Gheobhaidh foireann scoileanna agus suíomhanna oideachais eile atá ag glacadh páirte sa chlár na scileanna is gá chun gabháil go dearfach le gníomhaíochtaí comhroinnte oideachais, agus dul i gceannas orthu

i réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

Is é an Early Years Organisation, in éineacht leis an Fermanagh Trust agus an National Childhood Network, a chuirfidh tionscnaimh oideachais chomhroinnte ar fáil i réamhscoileanna.

Is é an tÚdarás Oideachais in éineacht le Léargas, eagraíocht neamhbhrabúis lonnaithe in Éirinn, a chuirfidh tionscnaimh oideachais chomhroinnte ar fáil i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

# PRISM (Athmhuintearas agus Imeascadh a Chur Chun Cinn trí Eadráin Shábháilte)

**Tá cistiú PEACE IV AE dar luach tuairim is €0.7 milliún deonaithe do thionscadal inspioráideach lena bhfuiltear ag iarraidh tuiscint níos fearr ar chultúir agus féiniúlachtaí difriúla laistigh de phobal deighilte a chruthú agus a bhuanú.**

Glacfaidh beagnach 1,000 duine páirt sa tionscadal lena n-admhaítear na dúshláin a ghabhann le daonra atá ag dul i méid de dhídeanaithe, lucht iarrtha tearmainn agus imircigh soghonta laistigh de shochaí a bhfuil an idirdheighilt dulta i gcion go mór uirthi cheana féin. Is iad Crois Dhearg na Breataine a chuirfidh i láthair é, agus beidh siad i gceannas ar fhoireann saineolaithe ar thógáil na síochána, agus ar an imeascadh agus an tacaíocht ilchultúrtha, d'fhonn daoine as na pobail go léir a thabhairt le chéile le raon gníomhaíochtaí cruthaitheacha.

Is é is aidhm don tionscadal ná cur le taithí agus tuiscint na rannpháirtithe ar chultúir atá difriúil lena gcultúr féin, trí ligean dóibh a fháil amach céard tá i bpáirt acu.  I measc na gcomhpháirtithe don tionscnamh trí bliana tá ArtsEkta, Corrymeela, Crois Dhearg na hÉireann agus  Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

**"Tionscadal corraitheach, tábhachtach é seo a bhfuil sé mar aidhm aige eolas níos fearr a chur ar fáil ar an gcaoi is féidir le sochaí dheighilte, atá chomh tiomanta sin do threisiú na síochána agus na cobhsaíochta, teacht ar chomhthuiscint, agus oibriú chun na baic a shárú a thagann ón gciníochas agus ón seicteachas."**
**Stiúrthóir Chrois Dhearg na Breataine Sharon Sinclair.**

**Stiúrthóir Chrois Dhearg na Breataine Sharon Sinclair sa phictiúr seo i gcuideachta leis na comhpháirtithe tionscadail, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha FCSAE Paul Sheridan, Ceannaire Clár agus Nuála Corrymeela Shona Bell, agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin Artsekta Nisha Tandon OBE.**



# Clár INTERREG VA
# Forléargas

Ceapadh Clár INTERREG go sainiúil chun dul i ngleic le fadhbanna a thagann de bharr teorainneacha a bheith ann. Féadann teorainneacha an fhorbairt gheilleagrach a laghdú, bac a chur ar bhainistiú éifeachtúil an chomhshaoil, an taisteal a bhacadh agus bac a chur ar sholáthar seirbhísí bunriachtanacha sláinte agus cúraim shóisialta.

Ón gcéad chlár INTERREG in 1991, go dtí deireadh INTERREG VA in 2020, beidh tuairim is €1.13 billiún tugtha ag an gClár don réigiún.  Soláthraíodh tuairim is €810 milliún den bhfigiúr seo go díreach ón Aontas Eorpach.


Tá an Clár INTERREG VA ar cheann de bhreis is 60 clár cistithe ar fud an Aontais Eorpaigh a ceapadh go sainiúil chun dul i ngleic le fadhbanna a thagann go díreach de bharr teorainneacha a bheith ann.

Tan Clár INTERREG VA ceaptha chun leibhéil níos airde comhtháthaithe a chur chun cinn go geilleagrach, go sóisialta agus maidir le cúrsaí críche ar fud Thuaisceart Éireann, Réigiún na Teorann in Éirinn agus Iarthar Alban. Beidh se ina chabhair chun réigiún trasteorann níos rachmasaí agus níos inbhuanaithe a chruthú agus léirítear leis chomh maith na ceantair tosaíochta don Chomhoibriú Eorpach Críche, ar a n-áirítear an rannchuidiú leis an Straitéis Atlantach.

Is fiú tuairim is €283 milliún an Clár ar an iomlán, áirítear air seo rannchuidiú CFRE de €240 milliún (85%) agus rannchuidiú cistithe meaitseála ó Rialtas na hÉireann agus ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann de €43 milliún (15%).


Tá ceithre eochair-chuspóir ag an gClár áit gur mian leis athrú suntasach, marthanach a dhéanamh maidir le 'Taighde & Nuálaíocht'; 'an Comhshaol'; 'Iompar Inbhuanaithe; agus 'Sláinte & Cúram Sóisialta'.

**Leibhéal Tiomantais an Chláir**




Faoi dheireadh 2017, bhí 87% de luach iomlán an chláir tiomanta do 28 tionscadal éagsúil.

**Luach an Leithdháilte Maoine**




Faoi dheireadh 2017, bhí tuairim is €225m as €283m, luach iomlán an chláir leithdháilte.

Sna staidéir cáis seo a leanas, tugtar mionsonraí breise ar chuid de na tionscadail nua do thréimhse na gClár do 2014-2020.

# Foinse go Sconna


**Tá cistiú EU INTERREG VA dar luach €4.9 milliún á úsáid chun feabhas a chur ar chaighdeán an uisce óil ar dhá thaobh na teorann.**

Faoin tionscadal 'Foinse go Sconna' beifear ag obair i gcomhar le feirmeoirí áitiúla chun lotnaidicídí agus rith chun srutha ithreach, a fhéadann dul isteach i réimsí sruthchúrsa, a laghdú. Déanfar bearta nua a phíolótú le hoibritheoirí foraoiseachta chomh maith chun an truailliú uisce a thagann ó leagan agus athphlandú crann a laghdú, mar gur féidir leis sin cur leis an leibhéal siolta and salachair san uisce.

Cosnófar leis an tionscadal foinsí fionnuisce atá le fáil i ndobhaircheantair na Deirge agus na hÉirne agus dá réir sin cabhrófar le comhlíonadh Threoir Uisce Óil an AE a chinntiú. Le 'Foinse go Sconna' tá sé beartaithe 135 heicteár de thalamh i bhfogas do shruthchúrsaí a iompú ar ais chun stádais gnáthóige nádúrtha móna.

Tá sé á sheachadadh ag comhpháirtíocht uathúil thrasteorann ar a n-áirítear Northern Ireland Water; Uisce Éireann; Agri-Food and Biosciences Institute (AFBI); Ollscoil Uladh; Réigiún na Teorann Thoir; agus The Rivers Trust.

**Sa phictiúr (c-d) agus iad ag fógairt na híocaíochta cistithe don tionscadal 'Foinse go Sconna' tá an Ceannasaí ar Chaighdeán agus Comhlíonadh ag NI Water Dymphna Gallagher; an Ceannasaí ar an Straitéis Comhshaoil ag Uisce Éireann Trudy Higgins agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin FCSAE Gina McIntyre.**



# Cistiú AE á úsáid mar 'mPower' do dhaoine aosta




**Sa phictiúr (c-d) ag lainse oifigiúil an tionscadail in Albain tá Gina McIntyre, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, FCSAE; Shona Robison, Rúnaí Comh-aireachta don tSláinte agus don Spórt, Rialtas na hAlban, agus an Dr Margaret Whoriskey, atá ina Ceannasaí ar Theicneolaíocht Shláinte, Rialtas na hAlban.**

**Tá cistiú EU INTERREG VA dar luach €8.7 milliún bronnta chun cabhrú le daoine aosta a bhfuil bail shláinte fhadtéarmach orthu maireachtáil go sábháilte agus neamhspleách ina dtithe cónaithe féin.**

Cabhróidh an tionscadal 'mPower' leis na tairbhithe an ceann is fearr a fháil ar bhail shláinte ar bith atá orthu trí leas a bhaint as an dul chun cinn sa teicneolaíocht r-shláinte.

Tá sé mar chuspóir aige an brú mór atá ann cheana ar an gcóras sláinte agus cúraim shóisialta a mhaolú, agus ag an am céanna cur ar chumas daoine déileáil níos fearr leis an mbail shláinte atá orthu féin.

Faoin tionscadal, fostófar roinnt 'Treoraithe Pobail' chun oibriú le daoine ar fud Iarthar Alban, Tuaisceart Éireann, agus Éireann. Forbróidh siad pleananna personalised folláine leis na rannpháirtithe agus tabharfaidh siad rochtain dóibh ar dhulta chun cinn i dtionscnaimh nua r-shláinte-bhunaithe.

Táthar ag súil go mbeidh tacaíocht tugtha ag an tionscadal 'mPower' do suas le 2,500 duine ar chríoch dó trí pleananna folláine a fhorbairt agus do suas le 4,500 duine trí idirghabhálacha r-shláinte.

Áirítear ar na comhpháirtithe tionscadail NHS 24; NHS Ayrshire & Arran; NHS Dumfries & Galloway; NHS Western Isles; Scottish Council for Voluntary Organisations; University of the Highlands and Islands; Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (Éire), agus Southern and Western Health and Social Care Trusts i dTuaisceart Éireann.



**Úsáidfear an soitheach taighde Corystes chun cabhrú le seachadadh thionscadal COMPASS.**

# EU funding to help protect marine life

**Leis an tionscadal COMPASS, arna threorú ag taighdeoirí ón Agri-Food and Biosciences Institute (AFBI), nascfar le chéile Institiúidí móra taighde muirí an réigiúin chun líonra trasteorann a chruthú d'fhonn speicis shoghonta muirí a chosaint agus cur leis an tuiscint ar bheathra an aigéin.**

Tá €6.3m de chistiú INTERREG VA AE curtha ar fáil don tionscadal lena gcruthófar líonra úrscothach baoithe chun beathra uisceach a rianú, a shamhaltú agus a mhonatóiriú go héifeachtach mar aon leis na próisis aigéaneolaíochta a théann i gcion orthu.

Tabharfar saineolaithe le chéile faoi COMPASS chun cláir oibre eolaíochta ar scála réigiúnach a chur i gcrích.  Cuirfidh an líonra sonraí nua monatóireachta muirí ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar réimsí cúraim comhshaoil atá ag teacht chun cinn, ar a n-áirítear aigéadú an aigéin, agus tionchar leibhéal méadaitheach fuaime comhthimpeallaí ar bheathra muirí.

Forbrófar leis an tionscadal seo chomh maith cláir ardteic lipéid éisteachta chun staidéar a dhéanamh ar phatrúin imirce, ar   iompraíocht agus ar mhortlaíocht bradán agus breac geal. Le staidéir éighníomhacha éisteachta gheofar léirstin nua ar dhaonraí mamach muirí thar timpeall ar cheantair an chósta, agus úsáidfear samhlacha ardríomhaireachta chun tuiscint a fháil ar phróisis a bhfuil machnamh thar scálaí móra geografacha riachtanach dóibh.

Áirítear ar na comhpháirtithe tionscadail Iascaigh Intíre Éireann; Marine Institute; Scottish Association for Marine Species (SAMS), agus Marine Scotland Science.

# Interreg VB Trasnáisiúnta agus Cláir Interreg VC Idir-réigiúnacha

Thacaigh FCSAE i gcónaí le forbairt tionscadal laistigh de Thuaisceart Éireann, ag obair dóibh i gcomhar le comhghleacaithe i dTionóil Réigiúnacha Éireann chun a chinntiú go bhforbraítear tionscadail ina bhfuil comhpháirtíochtaí trasteorann áit is féidir.

Thairg FCSAE clár tacaíochta ar a n-áiríodh seisiúin duine-le-duine le hiarratasóirí féideartha i gcaitheamh na bliana, ceardlanna/seimineáir faisnéise faoi chláir agus FCSAE, agus bhí National Contact Points agus nuachtlitreacha na RA ag cur eolais ar fáil maidir leis na ceithre Chlár VB agus VC ar a n-áiríodh Clár an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh, Clár Iarthuaisceart na hEorpa, Clár an Cheantair Atlantaigh agus an Clár Interreg Europe.

Faoi 31ú Nollaig 2017, bhí iomlán de 40 tionscadal faofa agus Comhpháirtí amháin ar a laghad as Tuaisceart Éireann san áireamh. Tá sé i gceist ag mórán de na tionscadail seo go mbeadh comhpháirtithe as Tuaisceart Éireann agus as Éirinn ag obair i gcomhar le chéile chun dul i ngleic le fadhbanna comhchoitianta, agus tá breis is €11.6m (CFRE) leithdháilte do chomhpháirtithe as Tuaisceart Éireann chun gníomhaíochtaí faoi na Cláir a thabhairt chun críche.



**Ceiliúradh ar siúl ag an Ollamh Joan Condell agus an Ollamh Gerry Leavey as Ollscoil Uladh mar gheall ar chistiú bheith aimsithe, faoi Chlár an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh (NPA) 2014-2020 do dhá thionscadal mhóra taighde idirnáisiúnta a chuirfidh le saol daoine aosta in áiteanna iargúlta agus áiteanna faoin dtuaidh trí rochtain níos fearr ar an teicneolaíocht agus ar an nascacht shóisialta.**




**Ag freastal ar lainse an tionscadail Gencomm tá an Dr Michel Junker; Gina McIntyre, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin FCSAE; Marie-Thérèse McGivern, Príomhoide agus Príomhfheidhmeannach Belfast Metropolitan College agus Paul McCormack, Bainisteoir Clár Gencomm.**

# Gencomm – ceannródaí i dteicneolaíocht an fhuinnimh in-athnuaite

**Tá Belfast Metropolitan College tar éis €9.39 milliún a aimsiú mar chistiú ó Chlár Iarthuaisceart na hEorpa chun Tionscadal ríuálach GenComm a chur ar fáil. Forbróidh an coláiste, i gcomhar le naoi gcomhpháirtí AE eile, cláir phíolótacha teicneolaíochta hidrigine hibridí as foinsí éagsúla in-athnuaite, ina measc gaoth, bithfhuinneamh agus fuinneamh gréine.**

Tá an cistiú ar cheann de na tionscadail AE is mó atá aimsithe riamh ag comhpháirtíocht arna treorú ag foireann as Tuaisceart Éireann. Léireofar leis an tionscadal aibíocht thráchtála teicneolaíochtaí hidrigine trí na trí phríomhfhoinse in-athnuaite in Iarthuaisceart na hEorpa a nascadh: Fuinneamh Gréine, Fuinneamh Gaoithe agus Bithfhuinneamh, leis an stóráil fuinnimh agus leis na príomhchineálacha éilimh ar fhuinneamh i.e. teas, cumhacht agus breosla a úsáidtear i gcomhair iompair.

Tá sé i ndán don tionscadal eochair-ról a imirt ar an stáitse idirnáisiúnta agus beidh sé mar spreagadh chun an tAontas Eorpach a bhunathrú ina chóras fuinnimh ar bheagán carbóin.

# Comhroinnt na gClár in 2017

## Sárthaispeántas AE i bParlaimint an AE sa Bhruiséil

**I Samhain chuir FCSAE sárthaispeántas mór dhá lá i bParlaimint an AE sa Bhruiséil. Ceapadh an ócáid go sainiúil chun an tionchar a aibhsiú a bhí ag an gcistiú ón AE, trí na Cláir PEACE agus INTERREG, ar fud Thuaisceart Éireann, sna Contaetha Teorann in Éirinn agus in Iarthar na hAlban.**

Rinne FPEanna ar fud Thuaisceart Éireann agus sna Contaetha Teorann in Éirinn é a chomhurrú go rathúil. Orthu sin bhí an Chéad Leas-Uachtarán Mairead McGuinness FPE; Martina Anderson FPE; Matt Carthy FPE; Diane Dodds FPE; Luke Ming Flanagan FPE; Marian Harkin FPE, and Jim Nicholson FPE.

Ghlac tionscadail PEACE agus INTERREG a bhí ann agus atá ann i láthair na huaire páirt sa sárthaispeántas, ag léiriú dóibh an cineál oibre atá tacaithe ag an Aontas Eorpach ar fud an réigiúin le scór bliain anuas.

Mar chuid den ócáid, óstáladh fáiltiú tráthnóna i gcomhair breis is 50 duine polaitiúla a bhfuil tionchar acu agus bhí painéal ann de thaispeántóirí roghnaithe tionscadail. Ag an bhfáiltiú féin bhí aithisc arna dtabhairt ag an gCoimisinéir Eorpach, Corina Creţu, Ambasadóir na hÉireann ag an AE, Declan Kelleher, agus Leas-Ambasadóir na RA ag an AE, Katrina Williams.



**Corina Creţ u, Coimisinéir Eorpach ag labhairt leis an lucht éisteachta le linn an fháiltithe.**



**Declan Kelleher, Ambasadóir na hÉireann, ag cur síos ar thábhacht na gclár don réigiún.**



**Tionscadail PEACE agus INTERREG a bhí ann agus atá ann ag glacadh páirte sa sárthaispeántas.**

# PEACE IV Tionscadal á lainseáil le Seirbhís Speisialta Carúl Nollag

I mí na Nollag, rinneadh tionscadal Waterside Shared Village, arna chistiú ag PEACE IV, a lainseáil go hoifigiúil sa spiorad ceart féiltiúil trí mhórshiúl laindéir trasphobail a eagrú. 'PEACE on Earth' a tugadh air agus ghlac páistí as pobail Top of the Hill agus Irish Street páirt sa mhórshiúl a tháinig chun críche ag River City Apostolic Church le seirbhís speisialta carúl.

Níl i dtionscadal Waterside Shared Village ach ceann amháin de na 22 tionscadal atá faoi láthair ag fáil cistithe faoi Phlean Aicsin Áitiúil PEACE IV atá á sheachadadh ag Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin. Waterside Neighbourhood Partnership a bhainistíonn é, i gcomhar leis an Irish Street Community Association agus Hillcreat Trust agus seachadfaidh sé raon leathan clár trasphobail agus athmhuintearais do dhaoine idir óg agus aosta laistigh de cheantar comhéadain.



**Páistí ag glacadh páirte sa mhórshiúl laindéir, ar a dtugadh 'PEACE on Earth'.**



Fostaí de chuid NuPrint Technologies, bunaithe i nDoire, a fhaigheann tacaíocht T&N ón Tionscadal Lárionad an Iarthuaiscirt don Ard-dhéantúsaíocht arna chistiú ag INTERREG VA.



Rannpháirtithe sa tionscadal 'AMPLIFY' arna chistiú ag PEACE IV do pháistí agus daoine óga.

# Cuntais on Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

**Faisnéis Chúlra**
Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas é an Foras um Chláir Speisialta an AE (FCSAE) atá arna urrú ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Bunaíodh FCSAE ar an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1998 lenar bunaíodh comhlachtaí forfheidhmithe, a bhfuil an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 ina mbuntacaí ina leith.

Tuairiscíonn FCSAE don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus is iad na príomhfheidhmeanna atá aige Cistí Struchtúracha áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail PEACE agus INTERREG, a riar agus, leis sin, tacaíocht a thabhairt do réimse clár forbartha agus athnuachana i dTuaisceart Éireann, i Réigiún na Teorann in Éirinn, agus in Iarthar na hAlban.

Ullmhaíodh na cuntais seo i gcomhréir leo seo a leanas:

- Na socruithe airgeadais atá i gCuid 7 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- Treoir ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar a fhoráiltear di i Meamram Airgeadais FCSAE; agus
- An Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe which is in line with the Financial Reporting Standard (FRS) 102 applicable in the UK and Republic of Ireland.

**Léargas Gnó/Príomhghníomhaíochtaí**
Tá léargas ar ghníomhaíochtaí FCSAE agus ar fhorbairtí amach anseo le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil. Tá an Chomhairle Aireachta Thuaidh/ Theas (NSMC) freagrach as pleananna gnó na heagraíochta a fhaomhadh. Mar gheall ar gan Tionól Thuaisceart Éireann bheith ann ní raibh an NSMC in ann teacht le chéile agus dá bhrí sin níl na pleananna gnó 2017 agus 2018 faofa go fóill. Tá socruithe teagmhais curtha ar bun ag an Roinn Airgeadais chun a chinntiú go leanfar le seachadadh na seirbhísí ag na comhlachtaí Thuaidh Theas go léir, agus go seachnófar ag an am céanna caiteachas neamhdhleathach ag na Ranna.

Is é an tréimhse reatha Clár ná 2014-20, agus dá réir sin lainseáladh Cláir PEACE IV agus INTERREG VA na RA/na hÉireann go hoifigiúil go luath in 2016.

**Torthaí don bhliain**
Tá ioncam agus caiteachas an FCSAE mionsonraithe ar leathanach 44. Ba é €nialas (Stg £nialas) – 2016: €nialas (Stg £nialas) an barrachas don bhliain.

Tháinig méadú suntasach ar chaiteachas na gClár ó 2016 go 2017, mar thoradh ar na n-íocaíochtaí nua PEACE IV agus INTERREG VA.

**Sócmhainní Seasta**
Tá sonraí faoi ghluaiseacht na sócmhainní seasta leagtha amach i Nóta 8 a ghabhann leis na cuntais.

Le linn na bliana, bhain an príomhchaiteachas ar shócmhainní seasta le crua-earraí agus bogearraí TF.

**Taighde agus Forbairt**
Ní raibh caiteachas suntasach ar bith ann sa réimse seo.

**Teagmhais Thábhachtacha a Tharla Tar éis Dheireadh na Bliana**
Níor tharla teagmhas tábhachtach ar bith ó bhí deireadh na bliana ann a raibh tionchar aige ar na Cuntais seo.

**Tabhartais Charthanachta**
Ní dhearna an FCSAE tabhartas carthanachta ar bith le linn na bliana airgeadais.

**Comhaltaí an Bhoird**
Is í an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna FCSAE. Níl comhalta boird ar bith ann.

Níl stiúrthóireacht ná leas ar bith eile ag an bPríomhfheidhmeannach a bheadh ag teacht salach ar a cuid freagrachtaí bainistíochta.

**Íocaíochtaí le Soláthraithe**
Tá tiomantas ag an bhForas um Chláir Speisialta an AE maidir le billí a íoc go pras i ndáil le hearraí agus seirbhísí, de réir an Achta um Íoc Déanach i leith Fiach Tráchtála (Ús) 1998 sa Ríocht Aontaithe (Late Payment Of Commercial Debts (Interest) Act), arna leasú leis na Rialacháin um Íoc Déanach i leith Fiach Tráchtála 2013, agus de réir Rialacháin na hÉireann um Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála 2013.

Mura bhfuil a mhalairt sonraithe sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite taobh istigh de 30 lá, de réir mar is cuí, ón lá a fhaightear na hearraí nó na seirbhísí, nó ón lá a chuirtear i láthair sonrasc bailí nó éileamh comhchosúil, cibé ceann acu is déanaí. Tá riail um íocaíocht phras taobh istigh de 30 lá i bhfeidhm i ngach Oifig de chuid FCSAE, beag beann ar an dlínse as a dtagann an bille. In athbhreithnithe rialta a rinneadh lena thomhas cé chomh pras agus a d'íoc an Foras um Chláir Speisialta an AE a chuid billí, fuarthas amach gur íocadh 99.9% (2016 – 99.8%) de na billí de réir na sprice sin.

I mí na Nollag 2008, tugadh treoir do na Comhlachtaí Poiblí tacú le gnólachtaí trí gach iarracht a dhéanamh íocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe laistigh de 10 lá ón lá a fhaightear sonrasc bailí. I gcaitheamh 2017 d'íoc FCSAE 86% dá chuid sonrasc laistigh de 10 lá (2016: 84%).

Tá Téarmaí agus Coinníollacha leagtha síos ag FSCAE leis na Ranna Cuntasacha maidir le Deontais a Íoc, ionas go ndéanfar íocaíochtaí le tionscadail tríd an Aonad Láraithe Íocaíochtaí. Fágann sin go mbíonn ar FCSAE íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail laistigh de 8 lá oibre of Managing Authority approval of the corresponding project report. Baineadh an sprioc sin amach i gcás 95.12% (2016 – 94.78%) de na híocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana, agus seo a leanas anailís orthu:

| | An líon Sonrasc | % de réir sprice | Íoctaí. déanacha |
|---|---|---|---|
| PEACE IV | 15 | 86.67% | 2 (na tionscadail mall ag soláthar sonraí bainc) |
| INTERREG VA | 26 | 100.00% | 0 |
| **Total** | **41** | **95.12%** | **2** |

**An Beartas Sláinte & Sábháilteachta**
Tá Beartas Sláinte agus Sábháilteachta scríofa ullmhaithe ag FCSAE agus tá sé scaipthe ar gach ball foirne. Tá an beartas ag teacht leis na riachtanais nach mór a chomhlíonadh faoin dlí maidir le sláinte agus sábháilteacht sa dá dhlínse sa dóigh is gur féidir le FCSAE ardchaighdeán sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach san eagraíocht.

### Fostaithe atá faoi Mhíchumas

Is léiriú é Plean Gníomhaíochta um Míchumas FCSAE ar an tiomantas atá ag an eagraíocht a cuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh de réir Alt 49A den Acht in aghaidh Idirdhealú ar bhonn Míchumais 1995.

Tá bearta sa phlean a chuirfidh FCSAE i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfear amach comhionannas deiseanna, ní amháin dá chuid fostaithe féin, ach freisin i gcás iarratasóirí agus fostaithe sa todhchaí. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an bplean gach trí bliana de réir thráthchlár Pleanála Corparáidí FCSAE.

Tá tiomantas ag FCSAE maidir le bheith ag caitheamh le gach ball foirne agus le gach iarratasóir ar fhostaíocht atá faoi mhíchumas le dínit agus le meas, agus soláthróidh sé timpeallacht oibre atá saor ó idirdhealú mídhleathach, ó íospairt agus ó chiapadh ar bhonn míchumais.

Go sonrach, tá sé ina aidhm ag FCSAE:

- Timpeallacht dhearfach oibre a chothú ina nglactar go furasta le daoine atá faoi mhíchumas;
- An timpeallacht oibre agus na cleachtais oibre a scrúdú lena chinntiú go mbainfear constaicí, nuair is féidir, lena gcuirtear isteach ar chumas na mball foirne sin atá faoi mhíchumas a bheith lánpháirteach sa saol in FCSAE;
- Timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil;
- A chinntiú go ndéanfar forbairt ar scileanna agus mianach na mball foirne sin atá faoi mhíchumas, trí oiliúint agus trí fhorbairt foirne; agus
- Rochtain a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas ar réimse iomlán na ndeiseanna earcaíochta agus forbartha gairme atá ar fáil.

Clúdaíonn an Plean reatha Gníomhaíochta um Míchumas an tréimhse 2017-2019. Tá an plean ailínithe leis na tiomantais straitéiseacha i leith ceisteanna maidir le míchumas a áiríodh in ár bPlean Corparáideach 3 bliana 2017-2019.

### Páirtíocht na bhFostaithe

Coinníodh fostaithe ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú trí bhealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear cruinnithe foirne, grúpaí oibre foirne ad hoc, agus imeachtaí struchtúraithe pleanála corparáidí a bhíonn ar siúl go bliantúil. Déantar cur in iúl na mbeartas foirne go léir a bhainistiú trí thairseach ar líne, rud a chinntíonn go mbeidh fáil ar an bhfaisnéis agus go mbeidh sí cothrom le dáta.

**Gina McIntyre**
**An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**28 Meitheamh 2018**

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Duine Chuntasaigh

Tá treoir tugtha ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do FCSAE ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliana dar chríoch an 31 Nollaig san fhormáid agus ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir chuntas atá san aguisín leis na ráitis airgeadais seo.

Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhraithe agus ní mór go dtabharfaí léargas fíorcheart iontu ar chúrsaí FCSAE ag deireadh na bliana, ar a chuid ioncaim agus caiteachais, ar na gnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta, agus ar an sreabhadh airgid don bhliain féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú, ní mór do FCSAE an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cloí leis an treoir chuntas arna heisiúint ag na Ranna Coimircíochta, na riachtanais ábhartha chuntasaíochta agus nochta san áireamh, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;

- Breithiúnais agus meastacháin réasúnacha a dhéanamh;

- A shonrú cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe nó nár cloíodh leo, agus difríocht ábhartha ar bith sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú; agus

- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh FSCAE ag feidhmiú.

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh ina cáil mar Oifigeach Cuntasaíochta do FCSAE, lena n-áirítear an fhreagracht as cuibheas agus rialtacht cistí poiblí agus as taifid chearta a choinneáil, leagtha amach sa Mheamram Airgeadais.

# Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh/Ráiteas faoi Rialachas

### Réamhrá

Leagtar amach sa Ráiteas seo faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh/ Rialachas don Fhoras um Chláir Speisialta an AE na struchtúir rialachais, an bhainistíocht rioscaí agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm san eagraíocht i rith na bliana airgeadais 2017 agus suas go dtí dáta faofa na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas. Ullmhaíodh an ráiteas seo de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Airgeadais (RA) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in 2017.

### Raon feidhme na freagrachta

Tá sé mar fhreagracht ormsa, i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, córas slán rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun lena gcuidítear le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí FCSAE a bhaint amach agus, san am céanna, cistí poiblí agus sócmhainní FCSAE a chosaint – sócmhainní a bhfuil freagracht phearsanta orm ina leith – de réir na bhfreagrachtaí a shanntar dom in Managing Public Money Northern Ireland agus sna Gnáthaimh Airgeadais Phoiblí (treoir do Ranna agus Oifigí Rialtais na hÉireann).

Tá cur síos sonrach sa Mheamram Airgeadais idir FCSAE agus a Ranna Coimircíochta ar fhreagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta (an Príomhfheidhmeannach), laistigh de chreat airgeadais agus gnó. Ní mór do FCSAE feidhmiú de réir na gcaighdeán agus na treorach ar ghnáthaimh chuntasaíochta agus airgeadais, mar atá leagtha amach sa lámhleabhar Managing Public Money (NI) agus i nGnáthaimh Airgeadais Phoiblí na hÉireann. Tá leagan uasdátaithe den Mheamran Airgeadais á athbhreithniú faoi láthair ag na Ranna Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.

### FCSAE Rialachas & Struchtúr Bainistíochta

Is éard tá san FCSAE ná ceann de shé chomhlacht trasteorann a cuireadh ar bun faoi "Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ag Bunú Comhlachtaí Forfheidhmithe" a síníodh ar 8ú Márta 1999 (Comhaontú na Breataine-na hÉireann, 8ú Márta 1999).

Mar Chomhlachta Forfheidhmithe Thuaidh-Theas tá FCSAE á urrú ag an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). I rith tréimhse cláraithe an Aontais Eorpaigh 2014-2020, bainistíonn sé Clár an AE don tSíocháin agus Athmhuintearas (PEACE) agus Clár INTERREG (Éire, Tuaisceart Éireann agus Iarthar Alban).

### Struchtúr Eagraíochtúil

Sa tréimhse a chlúdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo, bhí FCSAE struchtúrtha ar bhonn na dtrí Stiúrthóireacht, mar atá mionsonraithe thíos:

<u>Údarás Bainistíochta</u>

Freagracht fhoriomlán as bainistíocht agus feidhmiú na gClár Oibríochtúil. Ar na freagrachtaí seo tá:

- A chinntiú go roghnaítear cláir de réir na gcritéar atá faofa ag an gCoiste Monatóireachta Clár;
- Nósanna imeachta a bhunú agus a mhonatóiriú chun a chinntiú gur fabhraíodh, gur éilíodh agus gur íocadh an caiteachas ar chláir go ceart agus go dleathach;
- Córais a choimeád chun sonraí ar gach gné d'fheidhmiú na gclár a stóráil, bainistíocht airgeadais, iniúchadh, monatóiriú agus measúnú san áireamh;

- Measúnú ceart ar na cláir a chinntiú;
- Obair an Choiste Mhonatóireachta a threorú agus doiciméid a chur ar fáil dó a theastaíonn chun go gcuirfidh sé a chuid feidhmeanna i gcrích;
- Dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais a fhíorú, agus a chinntiú go gcoimeádtar rianta leordhóthanacha iniúchta;
- Tuarascálacha bliantúla agus deiridh ar fheidhmiú a ullmhú; agus
- A chinntiú go gcomhlíontar riachtanais eolas agus poiblíochta atá bunaithe faoi Rialacháin Eorpacha.

An Chomhrúnaíocht

Maoirsíonn sí feidhmiú na gClár PEACE IV agus INTERREG VA ó lá go lá, agus í ag tacú agus ag cur comhairle ar an Údarás Bainistíochta agus Coistí Stiúrtha na gClár araon. Is é Aonad Tacaíochta na gClár laistigh den Chomhrúnaíocht atá freagrach as measúnú na gclár; as seirbhísí rúnaíochta a chur ar fáil do na Coistí Stiúrtha; as conarthaí a eisiúint d'iarratasóirí a n-éiríonn leo; agus as bainistíocht na dtionscadal.

Seirbhísí Corparáideacha

Ionchorpraíonn sé seo raon ról éagsúil a thacaíonn le feidhmiú na gclár. Tá na foirne seo a leanas de chuid FCSAE go léir san áireamh i Seirbhísí Corparáideacha: **Cumarsáidí, TFC, Airgeadas Corparáideach** agus **AD.** Eochair-chuid den Stiúrthóireacht is ea an tÚdarás Deimhníochta atá freagrach as gach éileamh ar chaiteachas a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus as incháilitheacht de réir Rialacha Náisiúnta an AE a chinntiú. Rialaíonn sé chomh maith sreabhadh airgid an chláir, rud ar a n-áirítear íocaíochtaí a dhéanamh le príomhchomhpháirtithe, cistí a íostarraingt ón gCoimisiún Eorpach agus an aisíocaíocht ina dhiaidh sin do gach Ballstát.

### Creat Rialachais

Le linn 2017, tháinig Coiste Rioscaí & Iniúchta (CRI) FCSAE le chéile ceithre huaire agus phléigh siad raon ceisteanna, na córais rialachais inmheánaigh atá ag an FCSAE san áireamh. Chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí maoirseachta de réir na dTéarmaí Tagartha agus tá na scileanna riachtanacha aige (rialachas, tuairisciú airgeadais, bainistíocht rioscaí, iniúchadh, pleanáil straitéiseach, agus tuiscint ar chroífheidhmeanna na heagraíochta san áireamh) chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Ba mar seo a leanas ballraíocht an Choiste Rioscaí & Iniúchta i rith na bliana:

| Name | February | March | June | October |
|---|---|---|---|---|
| Brendan Mullan (Cathaoirleach Neamhspleách) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Joe Campbell (Comhalta Neamhspleách) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Derek Staveley (Comhalta Neamhspleách) | ✓ | | | |
| Frank Duffy (Ionadaí RA) | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Dominic McCullough (Ionadaí RA (thar ceann F Duffy)) | ✓ | | | |
| Gearoid O'Keeffe (Ionadaí RCPA) | ✓ | | ✓ | |
| Siobhan O'Higgins (Ionadaí RCPA (thar ceann G O'Keefe)) | | | ✓ | ✓ |

I dteannta leis na comhaltaí den CIR atá liostaithe thuas, d'fhreastail na daoine seo a leanas ar na cruinnithe chomh maith:

- An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin;
- Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha;
- An Cuntasóir Corparáideach;
- Ionadaí ó Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann;
- Ceannaire an Iniúchta Inmheánaigh;
- Ceannaire an Údaráis Iniúchta.

Tá freagrachtaí an Choiste ar an iomlán leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, agus áirítear orthu comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis na nithe seo a leanas:

- Na próisis straitéiseacha i gcomhair riosca, rialaithe agus rialachais;
- Na cuntais, na beartais cuntasaíochta agus an Tuarascáil Bhliantúil;
- Gníomhaíocht bheartaithe an iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh; agus
- Ráthaíochtaí maidir le rialachas agus bainistíocht na gClár AE.

Chun cabhrú le comhlíonadh na bhfreagrachtaí seo, tagann an Coiste le chéile chun a éifeachtúlacht féin a athbhreithniú agus faigheann na comhaltaí go léir miontuairiscí chomh maith ar eochair-chruinnithe den lucht foirne sinsearach.

Ullmhaíonn an Coiste chomh maith Tuarascáil Bhliantúil chun a ngníomhaíochtaí i rith na bliana a achoimriú, agus tá siad tagtha ar an tátal go bhfuil rialú rioscaí agus rialachas ag leibhéal sásúil laistigh den FCSAE.

### Pleanáil Gnó agus Bainistíocht Rioscaí

Pleanáil Gnó

Laistigh den FCSAE, próiseas atriallach is ea an pleanáil gnó lena mbaineann roinnt céimeanna, ar a n-áirítear iad seo a leanas:

- Comhphlé faoi na tosaíochtaí ábhartha atá leagtha amach i Rialacháin an AE, Cláir Comhoibrithe do PEACE IV agus INTERREG VA, Pleananna Corparáideacha agus Gnó gach Roinne Urraíochta mar aon leis na freagrachtaí reachtúla eile atá leagtha ar an eagraíocht;
- Athbhreithniú ag Foireann Bainistíochta Sinsearaí ar an bhfeidhmíocht i gcomparáid le spriocanna na bliana roimhe sin agus Eochair-Tháscairí Feidhmíochta, lena sainaithnítear réimsí ina bhféadfaí tabhairt faoi tuilleadh oibre;
- Athbhreithniú ar aiseolas ó chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara;
- An chéad dréacht den Phlean Gnó a ullmhú lena plé ag na Ranna Urraíochta;
- Plé ar thuairimí na Ranna Urraíochta agus an dréacht dheiridh den Phlean Gnó a chur faoi bhráid chun faomhadh a fháil di;
- Cuspóirí agus spriocanna a leagan amach ag leibhéal an duine foirne aonair trí phróiseas an bhreithmheasa foirne.

Bainistíocht Rioscaí

Tá creat na Bainistíochta Rioscaí ceaptha chun rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal réasúnta, seachas gach riosca go dteipfí ar na haidhmeanna, na cuspóirí agus na beartais a dhíothú ar fad; ní fhéadann sé, mar sin, ach ráthaíocht réasúnta éifeachtachta a thabhairt, ní ráthaíocht dhaingean.

Laistigh den FCSAE, tá an Bhainistíocht Rioscaí ceaptha chun:

- Na rioscaí maidir leis na haidhmeanna, na cuspóirí agus na beartais a bhaint amach a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta;
- An dóchúlacht go dtiocfadh na rioscaí sin chun réadaithe, agus an tionchar a bheadh acu dá dtiocfadh, a mheasúnú;
- Iad a bhainistiú go héifeachtach, go héifeachtúil agus go tíosach.

Tá creat na Bainistíochta Rioscaí leagtha amach sna doiciméid seo a leanas atá faoi réir ag athbhreithniú rialta:

- Straitéis Bainistíochta Rioscaí;
- Ráiteas Inghlacthachta Rioscaí;
- Clár Riosca Chorparáidigh.

Leithdháltar rátáil riosca ar gach riosca bunaithe ar mheasúnú ar a thionchar agus ar a dhóchúlacht in dhá chéim:

- 1. Measúnú ar an riosca atá ann cheana sula sainaithnítear rialuithe ar bith;
- 2. Measúnú ar an riosca iarmharach ag cur sa chuntas an fhreagairt reatha ar riosca agus ar rialuithe agus an plean aicsin is gá.

Cuirtear an rátáil riosca iarmharaigh i gcomparáid ansin leis an inghlacthacht riosca a bhunaíonn leibhéal inghlactha riosca do ghníomhaíocht gnó ar leith. Má mheastar nach leor na rialuithe chun an riosca a bhainistiú laistigh den inghlacthacht sainaithnítear tuilleadh beart chun na rialuithe seo a threisiú.

Sainaithnítear leis an gClár Riosca Chorparáidigh na heochair-rioscaí a bhaineann go díreach le le gnóthachtáil cuspóirí corparáideacha FCSAE agus tá sé nasctha leis an bPlean Gnó bliantúil. Tagann an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, atá déanta suas den Phríomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí, le chéile gach mí chun an Clár Riosca Chorparáidigh a athbhreithniú agus a chun a chinntiú go mbíonn sé ábhartha i gcónaí. Pléann sé chomh maith rioscaí nua atá sainaitheanta trí bhealaí bainistíochta mar aon le hathruithe sa timpeallacht oibríochtúil agus na bearta is gá chun iad a mhaolú agus ina theannta sin an rath a bhí ar na bearta a tógadh chun déileáil le rioscaí atá ann cheana. Athbhreithnítear an Clár Riosca Chorparáidigh go mion ag gach cruinniú coiste den CRI. Ag deireadh na bliana, bhí rioscaí sa Chlár Riosca Chorparáidigh a bhain le sásanna cistithe Clár, forbairt bunachair sonraí, faomhadh don Phlean Gnó, frámaí ama do sheachadadh na gClár, agus tionchar imeacht na Breataine as an Aontas Eorpach.

Tá Comhaontú Leibhéil Seirbhíse idir FCSAE agus na Ranna Cuntasacha comhaontaithe agus táthar á shíniú.

Nótáladh i Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2016 go raibh moilleanna i bhfeidhmiú bunachair sonraí nua do chaiteachas ar chláir. Ó 2 Márta 2017 tá an bunachar sonraí oibríochtúil do na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA araon agus suiteáladh an mhodúil dheiridh tuairiscithe in Aibreán 2018.

Bunaíodh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) faoi Chomhaontú Bhéal Feirste/ Aoine an Chéasta (1998), chun comhairliú, comhoibriú agus aicsean a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Tá sí freagrach as an bPlean Corparáideach, as an plean gnó bliantúil agus as an mbuiséad do na comhlachtaí Thuaidh Theas go léir. Mar gheall ar gan Tionól Thuaisceart Éireann bheith ann ní raibh an NSMC in ann teacht le chéile agus dá bhrí sin níor tugadh faomhadh don phlean corparáideach, ná don phlean gnó bliantúil ná don bhuiséad do 2017 agus 2018. San idirlinn, tá socrú teagmhais curtha ar bun i dTuaisceart Éireann, faoina féidir deontas a íoc i gcónaí go dtí deireadh Nollaig 2018. Déanfar an caiteachas seo a rialtú go siarghabhálach nuair a bheidh an Plean faofa ag an NSMC. In Éirinn, tá an deontas faofa cheana féin trí phróiseas na ‘meastachán’, agus ní gá aon socrú teagmhais. Níl aon riosca suntasach ann mar sin maidir le gnóthas leantach.

Beidh FCSAE ag monatóiriú agus ag cur acmhainní ar fáil do na réimsí riachtanais i gcónaí chun a chinntiú go gcomhlíontar na frámaí ama do sheachadadh na gclár.

Tá an riosca a bhaineann le himeacht na RA as an AE sainaitheanta ar an gclár riosca i gcónaí agus go dtí go mbeidh sonraí sainiúla na himeachta comhaontaithe beidh FCSAE i gcónaí ag monatóiriú an riosca sin.

Oibríonn FCSDAE trí chóras sainiúla eolais; eMS, a choimeádann na sonraí oibríochtúla do na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA; SUN, córas airgeadais FCSAE agus TRiM, an Córas Bainistíochta Doiciméad agus Taifead Leictreonach (EDRMS). Tástáladh gach córas díobh agus is leor na rialuithe atá ar bun maidir le faisnéis.

Baineann FCSAE leas as eolas ó roinnt foinsí sonraí agus córas arna n-oibriú ag an bhforas. Maidir le méadraigh feidhmíochta, tá FCSAE muiníneach de bharr gur córas atá sa phríomhchóras, eMS, a úsáidtear ar fud an AE chun eolas faoi chláir a bhainistiú agus rinneadh athbhreithniú ar láidreacht an chórais seo mar chuid den ainmniú.

Tagann sonraí maidir le hAirgeadas agus AD ó chórais atá faoi réir ag scrúdú rialta ag Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh FCSAE. Le heolas a fhaigheann Bainistíocht Shinsearach FCSAE ó na córais seo bíonn siad in ann a ndualgais a chomhlíonadh maidir le cinnteoireacht agus lena n-oibleagáidí cuntasaíochta.

## Riosca Calaoise agus Riosca Faisnéise

Riosca Calaoise

Tá roinnt beartais ar bun ag FCSAE, atá ceaptha chun an riosca calaoise a íoslaghdú. Orthu seo tá:

- Beartas Frith-chalaoise;
- Beartas maidir le Coinbhleachtaí Leasanna;
- Treoir maidir le Tairiscintí agus Glacadh Bronntanas agus Fáilteachais;
- Beartas maidir le Sceithireacht agus treoir ghaolmhar (Cúis Imní a Ardú);
- Cód Iompraíochta don Lucht Foirne.

Tá nósanna imeachta gaolmhara curtha ar bun chun cabhrú le calaois a chosc agus le bainistíocht calaoisí iarbhír nó féideartha, ar a n-áirítear:

- Nósanna Imeachta i gcomhair Éileamh ar Aisíocaíocht as Taisteal agus Cothabháil;
- Plean freagartha ar chalaois (á athbhreithniú).

Tá FCSAE tiomanta don chalaois a chosc agus do chultúr frith-chalaoise a chur chun cinn. Oibríonn an eagraíocht meon neamhfhulaingthe i leith na calaoise agus ceanglaíonn sí ar an lucht foirne, ar Phríomhchomhpháirtithe agus ar na tairbhithe faoi dheoidh gníomhú go macánta agus go hionraic i gcónaí agus amhras réasúnta ar bith faoin gcalaois a thuairisciú. Déanfaidh FCSAE gach eachtra calaoise, iarbhír, agus amhrasta agus aon iarracht uirthi a iniúchadh agus déanfaidh sé iarracht cistí agus sócmhainní a aisghabháil a cailleadh de bharr calaoise. Tá FCSAE ag cur béime soiléire ar chosc na calaoise agus tá sé tar éis tosú ar shraith gníomhaíochtaí chun cultúr frith-chalaoise a chur chun cinn sna Cláir. Tá Feasacht ar an gCalaois ina cuid de Chlár Oiliúna FCSAE a cuireadh ar fáil do thairbhithe Clár agus do lucht foirne FCSAE in 2017. Atheisíodh na beartais frith-chalaoise agus sceithireachta don lucht foirne in 2016. Bainfidh FCSAE úsáid chomh maith as an uirlis mianadóireachta sonraí ARACHNE mar chuid dá svuít de bhearta frith-chalaoise.

Áit is cuí, mar fhreagairt ar fhadhbanna tromchúiseacha, tarraingeoidh FCSAE siar tairiscintí cistithe agus eiseoidh é orduithe aisghabhála do Phríomhchomhpháirtithe, ag tabhairt faisnéise dó na húdaráis ábhartha de réir mar is gá. Níor tharla aon chalaois iarbhír ná amhrasta in 2017.

Riosca Faisnéise

Aithním an fhreagracht atá orm as láimhseáil chruinn, daingean gach faisnéise, agus ceapadh agus próiseasú cruinn faisnéise,go háirithe áit a d'fhéadfadh tríú páirtithe leas a bhaint as seo nó áit a d'fhéadfadh codanna eile den rialtas brath uirthi. Chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh go héifeachtach, tá na bearta seo a leanas déanta:

- Tá an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ceaptha mar Oifigeach Sinsearach Riosca Faisnéise (SIRO) FCSAE. Tá ráthaíocht faighte ag an SIRO ó bhainisteoirí, agus tá ceisteanna faisnéise curtha acu siúd lena gcláir riosca, a dtugtar tuairisc fúthu gach mí.

Filleann freagrachtaí an SIRO ar an POF i rith tréimhse ar bith ina bhfuil post an Stiúrthóra Seirbhísí Corparáideacha folamh;

- Tá Oifigeach Faisnéise i bpost chun cabhrú le feidhmiú leantach Beartas Faisnéise FCSAE agus tá iniúchadh faisnéise curtha i gcrích, ina ndearna an fhoireann go léir measúnú ar réimsí comhchoitianta dea-chleachtais agus rioscaí agus ar na feabhsúcháin a theastaíonn.

Ní raibh aon teagmhais caillteanais sonraí ann ar caitheadh iad a fhógairt don Choimisinéir Sonraí.

Tá FCSAE anois ag tabhairt faoin bpróiseas chun na Rialacháin Ghinearálta Cosanta Sonraí (Bealtaine 2018) a chomhlíonadh. Tá roinnt iniúchtaí sonraí curtha i gcrích ar fud na heagraíochta agus tá an tOifigeach Faisnéise ag forbairt an sceidil diúscartha de réir ceanglas na rialachán agus na gceanglas a éilítear leis na Cláir.

**Rialachas agus Cuntasacht**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun bainistiú réasúnta a dhéanamh ar rioscaí, agus níl sé de chuspóir leis an gcóras sin díothú iomlán a dhéanamh ar an mbaol go dteipfidh orainn ár mbeartais, ár n-aidhmeanna agus ár gcuspóirí a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnach éifeachtachta a thabhairt faoin gcóras, agus ní dearbhú iomlán. Faigheann an tOifigeach Cuntasachta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ráthaíochtaí ó sholáthraithe neamhspleácha de réir mar is cuí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá dírithe ar rioscaí i leith feidhmiú beartas agus baint amach aidhmeanna agus cuspóirí FCSAE a aithint agus iad a chur in ord tosaíochta. Measann FCSAE an dóchúlacht go dtarlóidh na rudaí atá luaite sna rioscaí sin mar aon lena dtionchar dá dtarlóidís, agus cinneann sé na bearta is gá chun iad a bhainistiú go héifeachtúil, go héifeachtach agus go tíosach. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm in FCSAE le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2017 agus go dtí dáta



Memorandum (2006). Governance units within the ceadaithe na tuarascála bliantúla agus na gcuntas, agus cuireadh i bhfeidhm é de réir threoir na Roinne Airgeadais.

Feidhmíonn FCSAE laistigh de théarmaí a Mheamraim Airgeadais (2006). Tá aonaid rialachais sna riaracháin sa dá dhlínse ag obair i gcónaí chun Meamram Airgeadais uasdátaithe do na Comhlachtaí Thuaidh/Theas go léir a sholáthar.

Bíonn an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach déanta suas de ghnáth den Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Seirbhísí, Stiúrthóir an Údaráis Bhainistíochta agus Stiúrthóir na Comhrúnaíochta.

Ar na heilimintí eile den struchtúr corparáideach rialachais tá:

- Struchtúr Eagraíochtúil comhaontaithe le cuntais mhionsonraithe poist do bhaill foirne ag gach leibhéal, agus próisis ghaolmhara, ar a n-áirítear scéim bhreithmheasa foirne, chun a chinntiú gur léir do na baill foirne go léir céard iad a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach.
- Plean Corparáideach don tréimhse 2017-2019;
- Plean Gnó bliantúil, ina leagtar amach, i measc nithe eile, fís, misean, aidhmeanna agus cuspóirí corparáideacha FCSAE mar aon leis na príomhghníomhaíochtaí agus spriocanna;
- Raon de bheartais, straitéisí agus nósanna imeachta atá ina dtreoir le hobair na heagraíochta a ndéantar athbhreithniú orthu go rialta;
- Creat Bainistíochta Riosca, a bhfuil straitéis bhainistíochta riosca ionchorpraithe ann, arna cheadú ag an Oifigeach Cuntasaíochta agus ag an CRI. Sainíonn an Straitéis an próiseas bainistíochta riosca laistigh de FCSAE;
- Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh, a thugann ráthaíocht don Oifigeach Cuntasaíochta agus don CIR maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na socruithe rialachais; agus

- Ráitis Ráthaíochta, arna gcomhlánú gach ráithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta, a bhíonn bunaithe ar ráitis chomhchosúla maoirseachta ó na Stiúrthóirí, a mbíonn rathaíochtaí faighte acu siúd ó na bainisteoirí a oibríonn in éineacht leo. Déanann an CIR iniúchadh ar Ráitis an Oifigigh Chuntasaíochta.

Clár Leasanna

Ní dhearna aon Chomhalta den CRI, aon bhall den phríomhfhoireann bhainistíochta ná páirtithe gaolmhara ar bith eile aon idirbhearta ábhartha le FCSAE i gcaitheamh na bliana. Clár de Leasanna Comhaltaí agus Clár de Leasanna an Phríomhoifigigh agus na Stiúrthóirí agus is féidir é a scrúdú ach iarratas a chur isteach chuig an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha. Déan tagairt le do thoil do Nóta 18, Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara sna Cuntais.

### Foinsí Ráthaíochta Neamhspleácha

Iniúchadh Inmheánach

Tá Comhaontú Leibhéil Seirbhíse ag FCSAE le hIniúchóir Inmheánach na Ranna Airgeadais (RA), a fheidhmíonn de réir caighdeán arna sainiú i gCaighdeáin na hEarnála Poiblí maidir le hIniúchtaí Inmheánacha. Faightear tuairiscí rialta, ar a n-áirítear tuairim neamhspleách an Cheannasaí ar an Iniúchadh Inmheánach ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh FCSAE, mar aon le moltaí ar mhaithe le feabhsú. Bronnadh toradh leibhéal ráthaíochta Sásúil i gcás na n-iniúchtaí neamhspleácha go léir in 2017. Ar na réimsí a chlúdaigh na hiniúchtaí inmheánacha bhí:

Mar aon leis na hiniúchtaí sin rinne an tIniúchadh Inmheánach roinnt athbhreithnithe gaolmhara. Ag seo a leanas iad; eMS Designation, Delegated Limits and Payroll Review (i gcomhair fíoraithe éileamh CT). Níor thángthas ar aon fhadhbanna le linn na n-athbhreithnithe seo.

I leith 2017, dúirt an Ceannasaí ar an Iniúchadh Inmheánach ina Thuarascáil Bhliantúil 'I, therefore, remain satisfied that SEUPB has established and matured a strong system of risk management, control and governance and I can confirm a satisfactory audit opinion is appropriate.'

Údarás Iniúchta

Faoi alt 59 den Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh 1083/2006, tá Údarás Iniúchta ainmnithe ag na Ballstáit chun freagracht a ghlacadh as feidhmíocht éifeachtach na gcóras rialaithe bainistíochta a fhíorú do PEACE IV agus INTERREG VA. Tá foireann laistigh de RA i dTuaisceart Éireann ainmnithe chun an ról seo a chomhlíonadh, í cuntasach go díreach chuig an gCoimisiún Eorpach.

Tá freagracht shainiúil eile ar an Údarás Iniúchta as:

- Iniúchadh oibríochtaí ar bhonn sampla chuí chun an caiteachas a fógraíodh a fhíorú;
- Cur i láthair plean iniúchta don Choimisiún; agus
- Cur faoi bhráid Tuarascálacha Bliantúla Rialaithe agus Tuairimí Iniúchta don Choimisiún Eorpach.

| Córas | Rátáil |
|---|---|
| Bearta Frith-chalaoise | Sásúil |
| Caighdeán an Roghnaithe Tionscadail agus Riaracháin; Fíoruithe ar an Toirt | Sásúil |
| Údarás Deimhniúcháin – Nósanna Imeachta chun cuntais na gclár a ullmhú | Sásúil |
| Alt 125(3) –Eolas agus cumarsáid leordhóthanach, éifeachtach le tairbhithe | Sásúil |
| Seirbhísí Corparáideacha | Sásúil |

Chuir an tÚdarás Iniúchta dhá iniúchadh i gcrích i gcaitheamh na bliana, ceann a bhain le CT do PEACE IV agus ceann a bhain le CT do INTERREG VA. Thug an dá thuarascáil rátáil shásúil ráthaíochta. Cuirtear na tuarascálacha seo ar fáil do FCSAE, do na Ranna Urraíochta, agus don CRI.

Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann agus Oifig an Ardreachtaire Cuntas agus Ciste in Éirinn

Is iad an tArdreachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) ag Tionól Thuaisceart Éireann agus an tArdreachtaire Cuntas agus Ciste ag Tithe an Oireachtais a a dheimhníonn Cuntais FCSAE . Tá an tuarascáil ar an iniúchadh san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo. Níor sainaithníodh aon fhadhbanna suntasacha rialtachta ná laigí inmheánacha sna cuntais don bhliain sin ná sa Tuarascáil chucu siúd ar a bhfuil Dualgais Rialaithe.

### Reifreann na RA ar bhallraíocht san AE

Mar gheall ar thoradh an Reifrinn chun imeacht as an AE tá neamhchinnteacht ann i gcónaí maidir leis an mbealach a bhfeidhmeoidh na Cláir PEACE agus INTERREG amach anseo. Tá FCSAE ag obair i gcomhar le RA agus RCPA i gcónaí chun a chinntiú go seachadfar an da chlár ina n-iomláine faoi 2023.

### Athbhreithniú ar éifeachtacht

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim freagrach as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí a leithdháltar ar FCSAE de réir na bhfreagrachtaí a sannadh dom. Táim freagrach as éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú. Bíonn m’athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus ar obair na mbainisteoirí in FCSAE a bhfuil forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh faoina gcúram. Tá na ráitis a rinne na hiniúchóirí seachtracha ina dtuarascáil dóibh siúd a bhfuil rialú agus tuairiscí eile mar fhreagracht orthu ina gcuid shuntasach den athbhreithniú chomh maith. Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí comhairle orm maidir leis na himpleachtaí atá ag torthaí an athbhreithnithe a rinne mé agus táim ag cinntiú go bhfuil feabhsú leanúnach á dhéanamh ar an gcóras.

### Bainistíocht Airgeadais

Is é tOifigeach Cuntasaíochta atá freagrach as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais. Soláthraítear leis na córais rialuithe inmheánacha airgeadais ráthaíocht réasúnta, gan a bheith daingean, go gcoinnítear sócmhainní sábháilte, go n-údaraítear idirbhearta agus taifeadta i gceart, agus go gcoisctear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go mbraitear go tráthúil iad.

Tá rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat eolais bhainistíochta, rialacháin airgeadais agus nósanna imeachta riaracháin, ar a n-áirítear deighilt na ndualgas, maoirsiú bainistíochta agus córas tarmligin agus cuntasachta.

Tá Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais bunaithe ag FCSAE a thugann aghaidh ar réimsí riosca agus ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochtúil.

Faisnéisítear an lucht foirne go léir maidir leis na beartais seo le linn a n-ionduchtaithe agus ag cruinnithe rialta foirne. Tugtar aghaidh ar riachtanais ar bith a shainaithnítear trí phlean bliantúil oiliúna agus forbartha FCSAE.

### Dibhéirsithe Inmheánacha Rialachais

Fadhbanna na Bliana Roimhe

Níor tuairiscíodh aon dibhéirsithe rialachais sa bhliain airgeadais 2016.

Fadhbanna na Bliana Reatha

Níor tuairiscíodh aon dibhéirsithe rialachais sa bhliain airgeadais 2017.

### Conclúid

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim deimhin de go bhfuil córas cuí rialachais inmheánaigh ar bun laistigh den FCSAE.

**Gina McIntyre**
**Oifigeach Cuntasaíochta**
**28 Meitheamh 2018**

# Tuarascáil maidir le Luach Saothair

## Beartas maidir le Luach Saothair

### Ceapadh

Is í an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (an Chomhairle) a cheapann an POF. Maidir le cúrsaí oibríochta tuairiscíonn an POF don Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn ina gcáilíocht mar Ranna Urraíochta thar ceann na Comhairle.

Déantar na Stiúrthóirí a cheapadh de réir bheartas earcaíochta an Fhorais um Chláir Speisialta an AE. Ceanglaítear leis an mbeartas go ndéanfaí ceapacháin ar bhonn tuillteanais trí chomórtas earcaíochta cóir, oscailte.

### Luach Saothair

Is iondúil go gcuirtear an POF/na Stiúrthóirí ar íosphointe an scála tuarastail ar a gceapadh i dtosach. Ina dhiaidh sin, bíonn forchéimniú bliantúil incriminteach ann suas an scála go dtí go mbaintear uasphointe an scála amach.

Úsáidtear dáta incriminteach i Lúnasa do gach post POF/ Stiúrthóra de réir dháta na híocaíochta bliantúla pá.

### Pacáiste Iomlán Luacha Saothair

Bíonn poist POF/ Stiúrthóra bunaithe ar íosmhéid de 37 uaire oibre in aghaidh na seachtaine. Tá siad i dteideal 25 lá saoire in aghaidh na bliana ag méadú go dtí 30 lá tar éis 5 bliana seirbhíse, mar aon le dhá lá saoire dhéag eile reachtúil agus poiblí.

Bíonn rochtain ag an POF/na Stiúrthóirí ar an Scéim Phinsin Thuaidh/Theas (alpha). Soláthraíonn an scéim alpha sochar sainithe a oibrítear amach ar bhonn Meántuillimh Gairmréime.

### Teidlíochtaí Tuarastail agus Pinsin

Cuirtear ar fáil sna hailt seo a leanas mionsonraí ar luach saothair agus leasanna pinsin an lucht bainistíochta is sinsearaí sa bhForas.

## *Tuarascáil maidir le Luach Saothair*

### Luach Saothair (tuarastal san áireamh) agus teidlíochtaí pinsin na Foirne Bainistíochta Sinsearaí

| Oifigigh | 2017<br>Tuarastal | Íocaíochtaí Bónais | ochair comh-chineáil | Sochair Pinsin* | **Total** | 2016<br>Tuarastal | Íocaíochtaí Bónais | ochair comh-chineáil | Sochair Pinsin* | **Total** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | £ | £ | £ | £ | **£** | £ | £ | £ | £ | **£** |
| Ms Gina McIntyre POF | 69,841 | - | - | 35,000 | **104,841** | 67,844 | - | - | 28,000 | **95,844** |
| Mr Shaun Henry Stiúrthóir an Údaráis Bhainistíochta (go dtí 26/07/17) | 33,021 (56,252 coibhéis bliana iomláine) | - | - | 20,000 | **53,021** | 54,457 | - | - | 13,000 | **67,457** |
| Ms Lorraine McCourt Stiúrthóir na Comhrúnaíochta (go dtí 08/01/16) | - | - | - | - | **-** | 1,754 (48,411 coibhéis bliana iomláine) | - | - | | **1,754** |
| Mr John Greer Stiúrthóir na Comhrúnaíochta (ó 11/04/16) | 47,318 | - | - | 21,000 | **68,318** | 31,380 (46,161 coibhéis bliana iomláine) | - | - | 14,000 | **45,380** |
| Mr Paul Sheridan Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (ó 10/11/16) | 50,111 | - | - | 23,000 | **73,111** | 7,019 (49,546 coibhéis bliana iomláine)) | - | - | 2,000 | **9,019** |
| Mr Mark Feeney Stiúrthóir an Údaráis Bhainistíochta (ó 06/12/17) | 3,498 (50,041 full year equivalent) | - | - | 1,600 | **5,098** | - | - | - | - | - |
| Tuarastal na Foirne is Airde Pá | 69,841 | | | | | 67,844 | | | | |
| Tuilleamh Airmheánach Iomlán | 31,446 | | | | | 30,608 | | | | |
| Cóimheas | 2.22 | | | | | 2.22 | | | | |

* Ríomhtar luach na sochar pinsin a fabhraíodh le linn na bliana mar (an méadú iarbhír ar an bpinsean iolraithe faoi 20) móide (an méadú iarbhír ar aon chnapshuim) lúide (na ranníocaíochtaí a rinne an duine aonair). Níl san áireamh sa mhéadú iarbhír aon mhéadú de bharr boilsciú ná aon mhéadú nó laghdú de bharr cearta pinsin a aistriú.

### Tuarastal

Áirítear ar an tuarastal oll-tuarastal; ragobair; liúntais earcaíochta agus coinneála; liúntais oifige príobháidí; agus aon liúntas eile sa mhéid go bhfuil sé faoi réir ag cáin RA/Éireannach, agus aon íocaíochtaí ex gratia.

### Sochair Comhchineáil

Clúdaíonn luach airgeadaíoch sochar comhchineáil aon sochair arna soláthar ag an bhfostóir a mheasann Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona agus Cáin agus Custaim na hÉireann gur luach saothair inchánach é.

### Bónais

Ní fheidhmíonn FCSAE beartas bónais. Níor íocadh aon bhónais in 2016 ná in 2017.

## *Tuarascáil maidir le Luach Saothair*

### Teidlíochtaí Pinsin

| | Pinsean fabhraithe ag aois pinsin (amhail ar an 31/12/17) | Cnapshuim fabhraithe ag Aois Pinsin (amh.ar an 31/12/17) | Méadú Iarbhír ar an bpinsean ag aois pinsin | Méadú Iarbhír ar an gcnapshuim ag aois pinsin | CETV ag 31/12/2017 | CETV ag 31/12/2016 | Méadú Iarbhír ar an CETV |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | £ | £ | £ | £ | £ | £ | £ |
| Ms Gina McIntyre POF | 17,000 | 42,000 | 1,700 | 400 | 309,000 | 281,000 | 28,000 |
| Mr Shaun Henry Stiúrthóir an Údaráis Bhainistíochta (go dtí 26/07/17) | 14,000 | 43,000 | 900 | 2,000 | 282,000 | 257,000 | 10,000 |
| Mr John Greer Stiúrthóir na Comhrúnaíochta (ó 11/04/16) | 2,000 | - | 1,100 | - | 18,000 | 7,000 | 11,000 |
| Mr Paul Sheridan Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (ó10/11/16) | 1,300 | - | 1,200 | - | 13,000 | 2,000 | 11,000 |
| Mr Mark Feeney Stiúrthóir an Údaráis Bhainistíochta (ó 06/12/17) | - | - | 100 | - | 600 | - | 600 |

* ní áirítear feasta ar an scéim phinsin athbhreithnithe (meántuilleamh gairmréime) cnapshuim uathoibríoch pinsin.  Tá cnapshuim ann i gcónaí i leith seirbhíse faoin tseanscéim.



### Socraíochtaí Pinsin

Oibríonn FCSAE scéim pinsin le sochar sainithe a chistítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó, ar a n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoin Scéim Pinsin i Nóta 12.

### Coibhéis Airgid Luach  Aistrithe

Is í an Choibhéis Airgid  Luach Aistrithe  (CETV) an luach caipitlithe arna mheas go hachtúireach de shochair na scéime pinsin atá fabhraithe ag ball den scéim ag pointe ama ar leith.

## *Tuarascáil maidir le Luach Saothair*

Is ionann na sochair luacháilte agus sochair fhabhraithe an bhaill móide aon phinsean teagmhasach dá chéile atá iníoctha as an scéim. Is éard atá i gceist le CETV ná íocaíocht a dhéanann scéim nó socraíocht pinsin i leith sochair phinsin a bhaint amach i scéim nó i socraíocht pinsin eile tráth a ndéanann ball cinneadh scéim a fhágáil agus na sochair a d'fhabhraigh sé nó sí sa scéim sin a aistriú chuig scéim nua. Léiríonn na figiúirí a thugtar anseo na sochair atá fabhraithe ag an duine aonair de thoradh a bhallraíocht iomlán sa scéim pinsin, ní hamháin na sochair a d'fhabhraigh sé sa cháil shinsearach ar bhain an riachtanas nochtaidh léi. Cuimsíonn na figiúirí CETV luach aon sochair pinsin i scéim nó socraíocht eile a d'aistrigh an duine chuig socraíochtaí pinsin chuig na socraíochtaí pinsin Thuaidh Theas.

Cuimsíonn siad chomh maith aon sochar pinsin breise a d'fhabhraigh an ball tar éis dó nó di blianta breise seirbhíse pinsin a cheannach sa scéim ar a chostas nó a costas féin.

Déantar CETVanna a áireamh de réir na Rialachán do Scéimeanna Pinsin Ghairme (Luachanna Aistrithe) (Leasú) 2008 agus ní chuirtear san áireamh leo aon sochar iarbhír nó ionchasach a d'fhéadfadh bheith iníoctha nuair a théann an duine ar an bpinsean de thoradh Cháin Liúntas Saoil.

### Méadú Iarbhír ar CETV

Léiríonn sé seo an méadú ar CETV a íocann an fostóir le fírinne. Ní chuirtear san áireamh leis an méadú a thagann ar an bpinsean fabhraithe de bharr boilsciú, ranníocaíochtaí a dhéanann an fostaí (lena n-áirítear luach aon sochair a aistríodh ó scéim nó ó socraíocht pinsin eile) agus úsáidtear tosca luachála an Chómhargaidh i ndáil le tús na tréimhse agus le deireadh na tréimhse chun é a áireamh.

### Cúiteamh as poist a chailleadh

Níor íocadh suimeanna ar bith i gcaitheamh na bliana i leith cúitimh as post a chailleadh.

### Luach Saothair an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí

| | **2017 £** | **2016 £** |
|---|---:|---:|
| Brendan Mullan (Cathaoirleach) | 3,679 | 1,586 |
| Joe Campbell (Comhalta Neamhspleách) | 1,906 | 2,561 |
| Derek Staveley (Comhalta Neamhspleách) | 0 | 0 |



### Bandaí Tuarastail do na Fostaithe Uile

An líon fostaithe a raibh a luach saothair don dá mhí dhéag dar chríoch 31 Nollaig 2017 laistigh de na bandaí seo a leanas:

| Bandaí Tuarastail (£) | **2017 (an líon Foirne sa Phost)** | **2016 (an líon Foirne sa Phost)** |
|---|---:|---:|
| Less than 40,000 | 50 | 56 |
| 40,000 - 49,999 | 8 | 3 |
| 50,000 - 59,999 | 3 | 2 |
| 60,000 - 69,999 | 1 | 1 |
| **Total** | **62** | **62** |

# Deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste Chuig Tionól Thuaisceart Éireann agus chuig Tithe an Oireachtais

### Tuairim faoi na cuntais

Deimhnímid go bhfuil iniúchadh déanta againn ar chuntais an Fhorais um Chláir Speisialta an AE (an Foras) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus de bhun an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 lena gceanglaítear orainn na cuntais a chuireann an Foras faoinár mbráid a iniúchadh agus a dheimhniú ar bhonn comhoibríoch. Cuimsítear leis na cuntais:

- an ráiteas ioncaim;
- an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach;
- an ráiteas maidir le staid airgeadais;
- an ráiteas maidir le hathruithe sa chothromas; agus,
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí a ghabhann leis. Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

Is é ár dtuairim, go dtugann na cuntais tuiscint fhíor, chothrom ar staid ghnóthaí an Fhorais amhail ar 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar chríoch ansin agus gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann (FRS102) agus de réir na treorach cuntas san aguisín leis na cuntais.

### Tuairim ar rialtacht

Is é ár dtuairim é gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam a bhfuil taifead orthu sna cuntais i bhfeidhm maidir le gach gné ábhartha de réir na gcuspóirí a bhí ceaptha ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais a bhfuil taifead déanta orthu sna cuntais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

### Bunús na dtuairimí

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAs). Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin san alt maidir le freagrachtaí na nIniúchóirí sa teastas seo. Níl baint ná páirt againn leis an bhForas de réir riachtanas eiticiúil de Chaighdeán Athbhreithnithe Eitice 2016 na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais agus de réir an Chóid Eitice arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta agus tá comhlíonta againn na freagrachtaí eile atá orainn ó thaobh eitice de réir na gcaighdeán.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar le bonn a chur faoinár dtuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais

Tá curtha ar fáil ag an bhForas faisnéis áirithe eile i dteannta na ráiteas airgeadais. Tá i gceist leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an Réamhrá leis na cuntais san áireamh, an Ráiteas Rialachais / Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus an Tuarascáil Íocaíochta. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na cuntais an fhaisnéis eile agus ní nochtaimid aon chineál tátail ráthaíochta maidir léi.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orainn faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair a léamh agus, á dhéanamh sin dúinn, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas san iniúchadh, nó an cosúil gur míshonraíodh go hábhartha ar shlí eile í. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

**Cúrsaí a ndéanaimid tuairisc orthu ar bhonn eisceachtaí**

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas, ar nithe iad a ndéanaimid tuairisciú orthu más amhlaidh, inár dtuairimse:

- nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá de dhíth orainn dár n-iniúchadh; nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na cuntais a iniúchadh go réidh agus go cuí; nó
- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta; nó
- nach bhfuil an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach/ Rialachas ag teacht leis an treoir is infheidhme ar rialachas corparáideach.

**Freagrachtaí an Fhorais agus an Phríomhfheidhmeannaigh as na cuntais**

Mar atá mínithe ar bhonn níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí, tá an Foras freagrach as na cuntais a ullmhú ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir chuntas atá san aguisín leis na cuntais seo. Ina cáil mar Oifigeach Cuntasach, is í an Príomhfheidhmeannach atá freagrach as cuibheas agus rialtacht a áirithiú maidir le húsáid cistí poiblí.

**Freagrachtaí na nIniúchóirí**

Is é an fhreagracht atá orainne na cuntais a iniúchadh agus a dheimhniú de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus tuairisciú a dhéanamh fúthu do Thionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais. Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). De réir na gcaighdeán sin, éilítear orainne agus ar ár mbaill foirne déanamh de réir Chaighdeáin Eitice na Comhairle um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Is iad na cuspóirí atá againn ná ráthaíocht réasúnta a fháil cibé an bhfuil na cuntais ar an iomlán gan aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach bheith ag súil go rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na gcuntas seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, déanaimid breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus cothaímid sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh againn,

- Déanaimid an priacal go ndéanfaí míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú; leagaimid síos agus cuirimid i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta a oireann don phriacal sin; agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim. Is mó an priacal nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná míráiteas de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Tagaimid ar thuiscint ar an rialú inmheánach is ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a leagan síos atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaimid meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnta atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

- Cinnimid faoina oiriúnaí is atá sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchta a fuair mé, cibé acu an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh

amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Fhorais leanúint ar aghaidh ina ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ní mór dúinn aird a dhíriú sa tuarascáil uainn ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, más neamhleor an nochtadh sin, ár dtuairim a athrú. Bíonn na conclúidí uainn bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuaireamar go dtí dáta na tuairisce uainn. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh, áfach, go mbeadh teagmhais nó dálaí ann amach anseo a chuirfeadh faoi deara nach leanfadh an Foras ar aghaidh ina ghnóthas leantach.

- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an bhfuil curtha i láthair go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Déanaimid teagmháil leis na daoine a bhfuil cúrsaí rialachais faoina gcúram maidir le, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe an iniúchta, an uair atá sé beartaithe é a dhéanamh, agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithnímid agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn.

Ina theannta sin, ceanglaítear orainn fianaise a fháil gur leor í chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt gur cuireadh i bhfeidhm an caiteachas agus an t-ioncam arna dtaifeadadh sna cuntais airgeadais chun na gcríocha a bheartaigh an Tionól agus an tOireachtas agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais arna dtaifeadadh sna cuntais de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Seamus Mc Carthy.

**Seamus McCarthy**
*Ardreachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann*
*3A Sráid an Mhéara Uachtarach*
*Baile Átha Cliath 1*
*Éire*

*7 Iúil 2018*

Kieran J Donnelly

**Kieran Donnelly**
*Ardreachtaire Cuntas agus Ciste do Thuaisceart Éireann*
*Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann*
*106 Sráid na hOllscoile*
*Béal Feirste*
*BT7 1EU*

*2 Iúil 2018*

## RÁITEAS IONCAIM
## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| IONCAM | Nótaí | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | £'000 | £'000 |
| Deontas ó Ranna Urra (Riarachán) | 2 | **2,044** | 2,185 | **1,791** | 1,787 |
| Ioncam Oibriúcháin Eile | 4 | **1** | 1 | **1** | 1 |
| Scaoileadh an Deontais Caipitil | 3 | **135** | 140 | **118** | 114 |
| Glanchistiú Iarchurtha faoi choinne Pinsean | 12(c) | **1,467** | 1,018 | **1,286** | 832 |
| ***AN LÁRIONAD ÍOCAÍOCHTAÍ*** | | | | | |
| Deontas Faighte ó Ranna Cuntasachta (Cláir) | 3 | **2,240** | 536 | **1,963** | 438 |
| ***AN COIMISIÚN EORPACH*** | | | | | |
| Éilimh is Infhaighte ó AE | 3 | **12,703** | 2,428 | **11,133** | 1,986 |
| **IONCAM IOMLÁN** | | **18,590** | 6,308 | 16,292 | **5,158** |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Dímheas | 8 | **(135)** | (140) | **(118)** | (114) |
| Costais Foirne | 5 | **(2,900)** | (2,476) | **(2,541)** | (2,024) |
| Costais Oibriúcháin Eile | 7 | **(611)** | (727) | **(536)** | (595) |
| Ús is iníoctha leis an Roinn Airgeadais | 3 | **(1)** | (1) | **(1)** | (1) |
| *AN LÁRIONAD ÍOCAÍOCHTAÍ* | | | | | |
| Íocaíochtaí a Rinneadh le Tionscadail | 3 | **(14,943)** | (2,964) | **(13,096)** | (2,424) |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | | **(18,590)** | (6,308) | **(16,292)** | (5,158) |
| **Barrachas don bhliain aistrithe chuig an gCúlchiste Ginearálta** | | | | | |

Baineann na méideanna uile thuas le gníomhaíochtaí leanúnacha.

The notes on pages 49 to 71 and the appendix on page 72 form part of these accounts.

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH
## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 | **£'000** | £'000 |
| **Barrachas don bhliain** | - | **-** | - | **-** | |
| Gnóthachain ó thaithí maidir le dliteanais na scéime pinsin agus éifeacht an ráta malairte san áireamh | 12(b) | **1,088** | (1,358) | **954** | (1,110) |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana a bhaineann le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | 12(b) | **380** | (4,209) | **333** | (3,442) |
| **Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha** | 12(b) | **1,468** | (5,567) | **1,287** | (4,552) |
| **Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin** | | **(1,468)** | 5,567 | **(1,287)** | 4,552 |
| | | **-** | - | **-** | - |
| Gnóthachain/(caillteanais) de bharr malairte | | **-** | - | **-** | - |
| **Gnóthachan/(caillteanas) iomlán aitheanta don bhliain** | | **-** | - | **-** | - |



The notes on pages 49 to 71 and the appendix on page 72 form part of these accounts.

# RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS
## amhail ar an 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | **€'000** | €'000 | **£'000** | £'000 |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 8(a) | **218** | 264 | **194** | 227 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 8(b) | **110** | 57 | **97** | 49 |
| **Iomlán na Sócmhainní Seasta** | | **328** | 321 | **291** | 276 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 9(a) | **34,794** | 50,260 | **30,873** | 43,142 |
| Airgead sa bhanc & coibhéisí airgid | 10 | **44,896** | 25,016 | **39,837** | 21,473 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **79,690** | 75,276 | **70,710** | 64,615 |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 11(a) | **(79,718)** | (75,276) | **(70,735)** | (64,615) |
| **Glandliteanais/glansócmhainní reatha** | | **(28)** | - | **(25)** | - |
| Féichiúnaithe – méideanna atá dlite tar éis bliana amháin | 9(b) | **156** | - | **139** | - |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha, roimh Dhliteanais Fhadtéarmacha** | | **456** | 321 | **405** | 276 |
| Creidiúnaithe – méideanna atá dlite tar éis bliana amháin | 11(b) | **(127)** | - | **(113)** | - |
| **Sochair Phinsin** | | | | | |
| Cistiú iarchurtha faoi choinne pinsean | 12(c) | **13,760** | 14,225 | **12,209** | 12,210 |
| Dliteanais i dtaobh pinsean | 12(b) | **(13,760)** | (14,225) | **(12,209)** | (12,210) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **329** | 321 | **292** | 276 |
| **Arna maoiniú ag:** | | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Cuntais Ioncaim | | **-** | - | **-** | - |
| Cúlchiste Deontais Caipitil | | **329** | 321 | **292** | 276 |
| Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin faomhadh do na cuntais ar 28 Meitheamh 2018. | | **329** | 321 | **292** | 276 |

**Gina McIntrye, An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

The notes on pages 49 to 71 and the appendix on page 72 form part of these accounts.

# RÁITEAS AR ATHRUITHE SA CHOTHROMAS
## amhail ar an 31 Nollaig 2017

**Cúlchiste Cuntais Ioncaim**

| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **£'000** | **£'000** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | - | - | - | - |
| Easnamh /( Barrachas) don bhliain | - | - | - | - |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | **1,468** | (5,567) | **1,287** | (4,552) |
| Cistiú Iarchurtha Pinsin | **(1,468)** | 5,567 | **(1,287)** | 4,552 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Malairte | - | - | - | - |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | - | - | - | - |

**Cúlchiste Deontais Chaipitil**

| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **£'000** | **£'000** |
| Ar 1 Eanáir | **321** | 427 | **276** | 313 |
| Cistiú caipitil infhaighte le linn na tréimhse | **44** | 32 | **38** | 27 |
| Cistiú a fuarthas via cúnamh teicniúil | **99** | 2 | **87** | 2 |
| Brabús/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | **-** | - | **-** | - |
| Lúide an méid a scaoileadh don chuntas ioncaim agus caiteachais account | **(135)** | (140) | **(118)** | (114) |
| Difríocht ar aistriú malairte eachtraí | **-** | - | **9** | 48 |
| **Ar 31 Nollaig** | **329** | **321** | **292** | **276** |
| Cothromas Iomlán ag Deireadh na Bliana | **329** | **321** | **292** | **276** |

The notes on pages 49 to 71 and the appendix on page 72 form part of these accounts.

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 | 2017<br>£'000 | 2016<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Glanmhéid airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | 13.1 | **20,696** | (5,828) | **19,088** | (1,472) |
| **Insreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | | | |
| Íocaíochtaí d'fhonn sócmhainní seasta a fháil | | **(143)** | (34) | **(125)** | (29) |
| **Insreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais** | | | | | |
| Cistiú caipitil a fuarthas | | **143** | 34 | **125** | 29 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid & coibhéisí airgid** | | **20,696** | (5,828) | **19,088** | (1,472) |
| **Airgead & coibhéisí airgid ag tús na bliana** | 13.2 | **24,200** | 30,844 | **20,749** | 22,945 |
| **Airgead & coibhéisí airgid ag deireadh na bliana 4** | | **44,896** | 25,016 | **39,837** | 21,473 |



The notes on pages 49 to 71 and the appendix on page 72 form part of these accounts.

# Nótaí a ghabhann leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

I gcomhréir leis an treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas arna heisiúint ag an Roinn Airgeadais (RA) agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), i Meitheamh 2017, ullmhaíodh na cuntais seo i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil.

### 1.2. Trasdul go dtí an Treoir Thuaidh/ Theas 2017 – Ráiteas maidir le Tuairisciú Airgeadais 102 7

Ba í an bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 an chéad bhliain ar ullmhaíodh na cuntais faoin Treoir Cuntas agus Tuairiscithe Airgeadais do na Comhlachtaí Thuaidh Theas 2017 (FRS) 102. Tá difríocht idir cuid de riachtanais agus roghanna beartais chuntasaíochta FRS 102 maidir le  haitheantas, bainistiú, cur i láthair agus nochtadh, agus na prionsabail chuntasaíochta ar glacadh go coitianta leo sa Ríocht Aontaithe roimhe seo agus rinneadh uasdátuithe dá réir sin.

### 1.3. Sócmhainní Seasta

Is ionann luach na Sócmhainní Seasta agus a gcostas do FCSAE, déantar iad a chaipitliú áit gur ionann luach sócmhainne aonair agus £500 nó níos mó ná sin. Áirítear bogearraí ceannaithe leis na sócmhainní doláimhsithe.

Déantar dímheas ar shócmhainní seasta ón mhí i ndiaidh a bhfála, ar rátaí a ríomhtar chun costas nó luach gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go cothrom thar a saol úsáideach tuartha, nó thar an tréimhse léasa má tá an tréimhse sin níos gairide. Seo mar atá an saol úsáideach tuartha i bpríomhchatagóirí na sócmhainní seasta:

| | |
|---|---|
| Daingneáin & Feisteas | 7 mbliana |
| TrealamhRíomhaireachta | 5 bliana |
| Trealamh Oifige | 7 mbliana |
| Sócmhainní léasaithe | Téarma an léasa nósaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé ceann acu is gairide |
| Sócmhainní doláimhsithe | 5bliana |

Meastar nach leor luach na sócmhainní oibriúcháin atá in úsáid in FCSAE ionas gur gá athluacháil bhliantúil a dhéanamh orthu.

### 1.4. Costais Phinsin

Tá scéim phinsin le sochair shainithe i bhfeidhm ag FCSAE, a ndéantar í a chistiú uair sa bhliain ar bhonn íoctar mar a úsáidtear le hairgead a bhíonn ar fáil di, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn.

Faightear cistiú freisin trí asbhaintí ó thuarastail na foirne, a ndéanann FCSAE iad a aisíoc le RA agus le RCPA. Tá na hasbhaintí san áireamh le costais tuarastal agus phá (nóta 5).

Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaíonn fostaithe sa tréimhse atá i gceist. Aithnítear méid arb ionann é agus an costas pinsin mar ioncam sa mhéid gur inghnóthaithe é, agus déantar é a fhritháireamh le deontais arna bhfáil sa bhliain atá i gceist chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanas Aitheanta Iomlána don bhliain inar tharla siad, agus aithnítear coigeartú dá réir sa mhéid is inghnóthaithe ó RA/RCPA.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag na baill foirne go dtí seo. Is ionann an cistiú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn chomhfhreagrach a gheofar ar ais ón RA/ RCPA sa todhchaí.

**1.5 Cáin Bhreisluacha**

Ní féidir le FCSAE CBL a éileamh ar ais. Dá bhrí sin, áirítear an cháin bhreisluacha mar chaiteachas agus déantar í a chaipitliú i luach na sócmhainní seasta, nuair is cuí.

**1.6 Léasanna**

Déantar sócmhainní atá faoi léas airgeadais nó faoi chonarthaí fruilcheannaigh a chaipitliú de réir a luacha chóir ag tús an léasa agus dímheastar iad thar thréimhse an léasa nó thar shaol geilleagrach úsáideach tuartha na sócmhainní, cibé acu is gairide. Déantar na muirir airgeadais a leithroinnt thar thréimhse an léasa agus cuirtear iad de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Áirítear nithe ar cíos sa chuntas ioncaim

**1.7 Airgeadraí**

Déantar idirbhearta FCSAE i cibé airgeadra atá ag an dlínse ina ndéantar iad. Tá na Ráitis Airgeadais curtha i láthair sa dá airgeadra. Léirítear iontu carnadh na n-idirbheart ar fad sa bhliain i ngach dlínse agus tá siad aistrithe de réir na meánrátaí malairte faoi seach le linn na bliana. Ag deireadh na bliana, aistrítear sócmhainní agus dliteanais de réir an ráta atá ann an tráth sin.

Is iad seo a leanas na rátaí malairte a úsáideadh le haghaidh 2015 agus 2016:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Meánráta | £1 = €1.141 | £1 = €1.223 |
| Ráta ag deireadh | £1 = €1.127 | £1 = €1.165 |

D'fhéadfadh an chuma a bheith ar na difríochtaí idir figiúirí na bliana reatha agus méideanna inchomparáide san airgeadra tánaisteach go bhfuil siad ró-mhór nó ró-bheag de bharr thionchar na ngluaiseachtaí sna rátaí malairte.

**1.8 An Láraonad Íocaíochtaí**

Tá Láraonad Íocaíochtaí ag FCSAE a bunaíodh chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail arna gcistiú faoi na Cláir AE ábhartha thar ceann na Ranna Cuntasacha Rialtais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn. Tá Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm idir FCSAE agus na Ranna Cuntasacha ar fad, ina leagtar amach freagrachtaí an dá pháirtí, agus ina sonraítear go soiléir nach de réir rogha FCSAE a bhaintear úsáid as na cistí, ach go bhfuil siad ar fáil chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail faoin Roinn Chuntasach chuí, faoin gClár cuí agus faoin Téama cuí, agus chun na cuspóra sin amháin.

Tarraingítear cistiú ó na Ranna agus coinnítear é i gcuntais bhainc ar leith. Déantar íocaíochtaí le tionscadail ar bhonn dearbháin leictreonacha arna n-údarú mar is cuí.

I gcás INTERREG IVA agus PEACE III, taispeántar íocaíochtaí a rinneadh le tionscadail (agus iad coigeartaithe i dtaca le fabhrú agus réamhíocaíochtaí neamhthuillte) laistigh den chaiteachas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá an t-ioncam lena gclúdaítear na híocaíochtaí sin roinnte idir 'Éilimh Inghnóthaithe' faoin gCoimisiún Eorpach agus cistiú meaitseála ó Ranna Cuntasacha. Taispeántar aon bharrachas/ easnamh sa chistiú a fhaightear ó na Ranna mar ioncam fabhraithe/iarchurtha laistigh d'fhéichiúnaithe nó do chreidiúnaithe.

Comhlíonann FCSAE an fheidhm sin trína ról mar Údarás Deimhniúcháin don chlár PEACE III agus don chlár INTERREG IVA.

Íocaíochtaí a dhéantar le tairbhithe a mheastar ina dhiaidh sin a bheith neamh- incháilithe, déanann FSCAE iad a aisghabháil trí fhritháireamh i gcoinne éileamh ó Cheannpháirtithe ina dhiaidh sin, nó trí aisíocaíocht dhíreach ón tionscadal. Sa chás nach n-éireoidh leis an aisghabháil trí na modhanna sin, iarrann FCSAE treoir ó na Ranna Cuntasacha ábhartha maidir leis an bpróiseas aisghabhála. Sa chás nach féidir íocaíochtaí a aisghabháil, is ar na Ballstáit a thitfidh an fhreagracht.

### 1.9 Cúlchiste Deontais Caipitil

Cuirtear deontais le haghaidh cuspóirí caipitil chun sochair Cúlchiste Deontas Caipitil agus scaoiltear chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais iad thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainní.

### 1.10 Ceangaltais

Is ionann na ceangaltais agus oibleagáidí faoi chonradh sna blianta amach romhainn maidir le conarthaí ar ann dóibh ag deireadh na bliana. Soláthraítear d'aon dliteanais a bhaineann le gníomhaíocht tionscadail sa bhliain reatha trí fhabhruithe nó trí sholáthair, mar a mheastar bheith cuí.

### 1.11 Ioncam

Cuirtear ioncam ó dheontais do shochar an Ráitis Ioncam, sa mhéid go dteastaíonn sé chun caiteachas gaolmhar a chlúdach (rud a aithnítear ar bhonn fabhraithe). Aithnítear deontas barrachais mar ioncam iarchurtha ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

## 2. Deontas ó na Ranna

| | RA<br><br>€'000 | RCPA<br><br>€'000 | IOMLÁN<br>2017<br>€'000 | IOMLÁN<br>2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontas infhaighte:** | | | | |
| Riarachán agus Speansais | 1,083 | 961 | 2,044 | 2,185 |
| Cistiú caipitil | 23 | 21 | 44 | 32 |
| **Iomlán** | **1,106** | **982** | **2,088** | **2,217** |
| **Roinnte mar seo a leanas:** | | | | |
| Deontais curtha do shochar an Ráitis Ioncaim | 1,083 | 961 | 2,044 | 2,185 |
| Deontais curtha do shochar Cúlchiste an Deontais Caipitil | 23 | 21 | 44 | 32 |
| **Iomlán** | **1,106** | **982** | **2,088** | **2,217** |

| | DOF<br><br>£'000 | DPER<br><br>£'000 | TOTAL<br>2017<br>£'000 | TOTAL<br>2016<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|
| **RA** | | | | |
| | 949 | 842 | 1,791 | 1,787 |
| | 20 | 18 | 38 | 27 |
| **RCPA** | | **860** | **1,829** | **1,814** |
| IOMLÁN | | 842 | 1,791 | 1,787 |
| | 20 | 18 | 38 | 27 |
| | **969** | **860** | **1,829** | **1,814** |
| IOMLÁN | | | | |

Eisítear deontais ó Ranna Urraíochta ar chóimheas comhaontaithe cistithe Thuaidh/Theas (53/47), arna choigeartú i gcomhair cóimheas sainiúla cistithe pinsinéara aonair.

## 3. Anailís Oibríochtúil

| | | An Lárionad Íocaíochtaí | Riarachán | IOMLÁN 2017 | IOMLÁN 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| | | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Deontas ó Ranna Urraíochta (Riarachán) | (i) | - | 2,044 | 2,044 | 2,185 |
| Deontais ó Ranna Cuntasachta (Cláir) | (ii) | 2,240 | - | 2,240 | 536 |
| Ioncam Oibríochta Eile | | - | 1 | 1 | 1 |
| Scaoileadh Deontais Caipitil | | - | 135 | 135 | 140 |
| Éilimh is infhaighte ó AE | | 12,703 | - | 12,703 | 2,428 |
| Cistiú Thuaidh/Theas na Scéime Pinsin | | - | 1,467 | 1,467 | 1,018 |
| | | **14,943** | **3,647** | **18,590** | **6,308** |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Dímheas | | - | (135) | (135) | (140) |
| Costas Foirne | | - | (2,900) | (2,900) | (2,476) |
| Ioncam Oibríochta Eile | | - | (611) | (611) | (727) |
| Ús is iníoctha leis an Roinn Airgeadais | | - | (1) | (1) | (1) |
| Íocaíochtaí le Tionscadail | (iii) | (14,943) | - | (14,943) | (2,964) |
| | | **(14,943)** | **(3,647)** | **(18,590)** | **(6,308)** |
| **Barrachas/(Easnamh)** | | - | - | - | - |

| | | An Lárionad Íocaíochtaí | Riarachán | IOMLÁN 2017 | IOMLÁN 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| | | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** |
| Deontas ó Ranna Urraíochta (Riarachán) | (i) | - | 1,791 | 1,791 | 1,787 |
| Deontais ó Ranna Cuntasachta | (ii) | 1,963 | - | 1,963 | 438 |
| (Cláir) | | - | 1 | 1 | 1 |
| Ioncam Oibríochta Eile | | - | 118 | 118 | 114 |
| Scaoileadh Deontais Caipitil | | 11,133 | - | 11,133 | 1,986 |
| Éilimh is infhaighte ó AE | | - | 1,286 | 1,286 | 832 |
| Cistiú Thuaidh/Theas na Scéime Pinsin | | **13,096** | **3,196** | **16,292** | **5,158** |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Dímheas | | - | (118) | (118) | (114) |
| Costas Foirne | | - | (2,542) | (2,542) | (2,024) |
| Ioncam Oibríochta Eile | | - | (535) | (535) | (595) |
| Ús is iníoctha leis an Roinn Airgeadais | | - | (1) | (1) | (1) |
| Íocaíochtaí le Tionscadail | (iii) | (13,096) | - | (13,096) | (2,424) |
| | | **(13,096)** | **(3,196)** | **(16,292)** | **(5,158)** |
| **Barrachas/(Easnamh)** | | - | - | - | - |

## 3. Anailís Oibríochta (ar lean)

(i) Áirítear le 'Deontas Infhaighte' cistiú do chostais reatha infhaighte ó Ranna Urramaíochta FCSAE (RA agus RCPA).

(ii) Áirítear le 'Deontais ó Ranna Cuntasacha' cistiú meaitseála ó Ranna Cuntasacha, chun caiteachas faoi PEACE III agus INTERREG IVA a chlúdach.

(iii) Is féidir anailís a dhéanamh de réir Cláir ar Íocaíochtaí le Tionscadail (agus ar ioncam a aithníodh chun an caiteachas sin a chistiú) ar fiú £13,096k (€14,943k) iad mar seo a leanas:

| | €'000 | £'000 |
|---|---|---|
| **PEACE IV**<br>Deontais chláir a úsáideadh chun Síocháin agus Athmhuintearas a chur chun i dTuaisceart Éireann agus Contaetha na Teorann. Ar na gníomhaíochtaí deontais bhí oideachas comhroinnte, spás agus seirbhísí comhroinnte, páistí agus daoine óga agus caidreamh dearfach a thógáil. E.g - In 2017 chuaigh beagán faoi bhun leath na n-íocaíochtaí (€2.5m) ar Chúnamh Teicniúil agus caitheadh an t-iarmhéid ar thionscadail don oideachas comhroinnte agus caidreamh dearfach a thógáil via pleananna de chuid na n-údarás áitiúla. | 5,712 | 5,006 |
| **INTERREG VA**<br>Úsáideadh deontais chláir chun fadhbanna a shárú a thagann de bharr teorainn a bheith ann. Ar na gníomhaíochtaí deontais bhí Taighde & Nuáil don fhorbairt fhiontair thrasteorann, tionscnaimh comhshaoil, tionscadail don iompar inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí trasteorann sláinte agus cúraim shóisialta. E.g. In 2017 caitheadh €2.3m ar Chúnamh Teicniúil, €1.8m de ar Ais Thosaíochta1 'Taighde & Nuáil, €1.8m de ar Ais Thosaíochta 2 Comhshaol', €2.9m ar Ais Thosaíochta 3 'Iompar Inbhuanaithe' agus €0.4m ar Ais Thosaíochta 4, 'Sláinte'. | 9,231 | 8,090 |
| | **14,943** | **13,096** |

Níl cistiú meaitseála ón Albain san áireamh sa chaiteachas atá léirithe i gcuntais FCSAE toisc nach gcuirtear trí FCSAE é, ach gurb iad na tionscadail féin a dhéanann cistiú air trí fhoinsí éagsúla. In 2017 b'ionann an cistiú meaitseála ón Albain agus thart ar €0.027m (2016: €0.4m).

## 3. Anailís Oibríochta (ar lean)

Tá costais Chúnaimh Theicniúil (TA) a thabhaigh FCSAE arb ionann iad agus €2.4m (£2.1m) in 2017, €2.5m (£2.1m) in 2016 san áireamh in 'Íocaíochtaí le Tionscadail'. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí an TA an clár a fheidhmiú, a mhonatóiriú agus a iniúchadh i gceart. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí eile an TA chomh maith luachálacha éifeachtacha a chur i gcrích agus tairbhithe féideartha agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas maidir leis na deiseanna agus leis na haschuir agus na torthaí a bhaineann leis an gclár. Seo a leanas an anailís:

| **2017** | €'000 | £'000 |
|---|---|---|
| FCSAE | 2,394 | 2,098 |
| | **2,394** | **2,098** |

| **2016** | €'000 | £'000 |
|---|---|---|
| FCSAE | 2,527 | 2,066 |
| | **2,527** | **2,066** |

## 4. Ioncam Oibriúcháin Eile

| | **2017** | **2016** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **£'000** | **£'000** |
| Ús Infhaighte | **1** | 1 | **1** | 1 |

## 5. Costais Foirne

(a) B'ionann meánlíon seachtainiúil na bhfostaithe i gcaitheamh 2017 (coibhéis lánaimseartha, lena n-áirítear fostaithe breise) agus:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Lucht Bainistíochta Sinsearach | 3 | 3 |
| Bainistiú na gClár | 5 | 5 |
| Measúnú Tionscadal agus Tacaíocht (fíorú san áireamh) | 33 | 32 |
| Seirbhísí Corparáideacha (íocaíochtaí le tionscadail agus deimhniú tionscadal san áireamh) | 18 | 17 |
| Iomlán | **59** | **57** |

(b) Ba iad na costais a tabhaíodh maidir leis na fostaithe sin:

| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **£'000** | **£'000** |
| Pá agus Tuarastail | 2,205 | 2,165 | 1,933 | 1,770 |
| Baill foirne ghníomhaireachta shealadacha | 289 | 247 | 254 | 202 |
| Costais Slándála Sóisialaí: | 219 | 201 | 192 | 164 |
| Costais Phinsin Eile | | | | |
| - Costas seirbhíse reatha agus costas úis (Nóta 12a) | 1,555 | 1,147 | 1,363 | 938 |
| | **4,268** | **3,760** | **3,742** | **3,074** |
| Cistithe trí Chúnamh Teicniúil PEACE IV | (684) | (642) | (601) | (525) |
| Cistithe trí Chúnamh Teicniúil INTERREG VA | (684) | (642) | (600) | (525) |
| **Iomlán** | **2,900** | **2,476** | **2,541** | **2,024** |



Nochtar pá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, mar aon le pá na Bainistíochta Sinsearaí, sa Tuarascáil Íocaíochta.

B'ionann an pá a íocadh leis an mBainistíocht Shinsearach in 2017 agus £203,789.

## 6. Feidhmíocht os coinne Príomhspriocanna Airgeadais

D'éirigh le FCSAE feidhmiú de réir an bhuiséid a leithdháileadh dó don bhliain.
Ní raibh aon spriocanna rialála airgeadais ann do PEACE IV ná do INTERREG VA in 2017.

## 7. Costais Oibriúcháin Eile

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 £'000 | 2016 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Costais na nÁitreabh Oifige | 556 | 585 | 487 | 478 |
| TFC | 213 | 226 | 187 | 185 |
| Costais Riaracháin Eile | 35 | 59 | 31 | 48 |
| Taisteal & Cothabháil | 105 | 83 | 92 | 68 |
| Oiliúint & Síntiúis | 63 | 33 | 55 | 27 |
| Seirbhísí Gairmiúla Eile | 138 | 96 | 121 | 79 |
| Táillí Iniúchóireachta | | | | |
| Iniúchadh Seachtrach | 23 | 27 | 20 | 22 |
| Údarás Iniúchóireachta | 254 | 350 | 223 | 286 |
| Iniúchadh Eile | 44 | 50 | 39 | 41 |
| Cumarsáidí | 187 | 126 | 164 | 103 |
| Bainistiú & Luacháil Clár | 260 | 248 | 228 | 203 |
| Measúnú Tionscadal, Feidhmiú & Monatóireacht | 229 | 265 | 201 | 217 |
| **IOMLÁN NA nOLLCHOSTAS OIBRIÚCHÁIN** | **2,107** | **2,148** | **1,848** | **1,757** |
| Cistithe ag Cúnamh Teicniúil | (1,496) | (1,421) | (1,312) | (1,162) |
| **IOMLÁN NA nGLANCHOSTAS OIBRIÚCHÁIN** | **611** | **727** | **536** | **595** |

Ó 2016 amach, tá cur i láthair an nóta seo leasaithe chun iomlán na n-ollchostas a léiriú i leith gach catagóire, agus asbhaintear ansin an rannchuidiú cistithe don Chúnamh Teicniúil chun glanchostais a fhágáil (iad cistithe ag deontais riaracháin ó na Ranna Urraíochta).

San áireamh thuas faoi Chostais Oibriúcháin Eile tá caiteachas fáilteachais de £7,400 in 2017 (£8,600 in 2016).

Is ionann an táille d'Iniúchadh Seachtrach d'Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann (NIAO) agus £22k in 2017 agus baineann an tsuim de £20k sa nóta thuas le coigeartú fabhraithe de £2k ó 2016.

## 8. Sócmhainní Seasta

### (a) Sócmhainní Inláimhsithe

| | Feabhsúcháin Léasachta €'000 | Trealamh Oifige €'000 | Trealamh Ríomhaire €'000 | Daingneáin & Feistis €'000 | Iomlánl €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2017 | 1,236 | 61 | 669 | 121 | 2,087 |
| Nithe Breise | 11 | 3 | 44 | 0 | 58 |
| Diúscairtí | - | - | (34) | (1) | (35) |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 1,247 | 64 | 679 | 120 | 2,110 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2017 | 1,074 | 57 | 581 | 111 | 1,823 |
| Soláthar don bhliain | 58 | 1 | 38 | 7 | 104 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | (34) | (1) | (35) |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2017 | 1,132 | 58 | 585 | 117 | 1,892 |
| **Glanluach de réir na leabhar (€)** | | | | | |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **115** | **6** | **94** | **3** | **218** |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **162** | **4** | **88** | **10** | **264** |
| **Glanluach de réir na leabhar (£)** | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **97** | **4** | **83** | **2** | **186** |
| **Coigeartú faoi choinne Aistriú Airgeadra** | **5** | **1** | **2** | **-** | **8** |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2017 (mar a coigeartaíodh)** | **102** | **5** | **85** | **2** | **194** |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **139** | **4** | **75** | **9** | **227** |

Is ionann an coigeartú aistrithe airgeadra agus an difear idir glanluach na sócmhainní seasta de réir na leabhar, arna ríomh ag úsáid na rátaí malairte mar atá ag deireadh na bliana agus a nglanluach de réir na leabhar sonraithe ag rátaí stairiúla malairte.

Níl aon sócmhainní á gcoinneáil faoi léasanna airgeadais ná faoi chonarthaí fruilcheannaigh.

## 8. Sócmhainní Seasta (ar lean)

**(b) Sócmhainní Doláimhsithe**

| | Ceadúnais Bhogearra €'000 |
|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2017 | 387 |
| Nithe breise | 84 |
| Diúscairtí | - |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2017 | 471 |
| **Dímheas** | |
| Amhail an 1 Eanáir 2017 | 330 |
| Soláthar don bhliain | 31 |
| Diúscairtí | |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2017 | 361 |
| **Glanluach de réir na Leabhar(€)** | |
| **31 Nollaig 2017** | **110** |
| **31 Nollaig 2016** | **57** |
| **Glanluach de réir na Leabhar (£)** | |
| **31 Nollaig 2017** | **96** |
| **Coigeartú faoi choinne Aistriú Airgeadra** | **1** |
| **31 Nollaig 2017 (mar a coigeartaíodh)** | **97** |
| **31 Nollaig 2016** | **49** |

Is ionann an coigeartú aistrithe airgeadra agus an difear idir glanluach na sócmhainní seasta de réir na leabhar, arna ríomh ag úsáid na rátaí malairte mar atá ag deireadh na bliana agus a nglanluach de réir na leabhar sonraithe ag rátaí stairiúla malairte.

## 9(a) Féichiúnaithe méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 £'000 | 2016 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | (i) | 7,005 | 154 | 6,216 | 133 |
| Méideanna atá dlite ón gCoimisiún Eorpach | (ii) | 27,705 | 50,043 | 24,583 | 42,955 |
| Féichiúnaithe eile | | 84 | 63 | 74 | 54 |
| | | **34,794** | **50,260** | **30,873** | **43,142** |

## 9(b) Féichiúnaithe méideanna atá dlite tar éis bliana amháin

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 £'000 | 2016 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Méideanna atá dlite ón gCoimisiún Eorpach | (ii) | 156 | - | 139 | - |
| | | **156** | - | **139** | - |

(i) Nuair a léirítear go bhfuil gá leis, déantar réamhíocaíochtaí le tionscadail agus athraítear ina n-íocaíochtaí iarbhír iad níos moille anonn. Tá sé sin ag teacht le Rialacháin AE agus le Managing Public Money NI.

(ii) Feidhmíonn FCSAE mar Údarás Deimhniúcháin do na Cláir INTERREG IVA agus PEACE III agus tá sé freagrach as cistiú a éileamh ón gCoimisiún Eorpach.

Amhail ar an 31 Nollaig 2017 bhí suim iomlán de €27,861,591 (£24,721,908) infhála ón gCoimisiún Eorpach, i leith éileamh a cuireadh isteach agus éileamh nár cuireadh isteach araon. Bhí €27,705,322 (£24,583,249) dlite laistigh de bhliain amháin agus bhí €156,269 (£138,659) dlite tar éis bliana amháin.

## 10. Airgead & Coibhéisí Airgid

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 £'000 | 2016 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc: | | | | | |
| - Á choinneáil i ndáil le híocaíochtaí riaracháin | | 286 | 705 | 254 | 605 |
| - Á choinneáil i ndáil le híocaíochtaí Clár | (i) | 44,610 | 24,311 | 39,583 | 20,868 |
| **Iomlán** | | **44,896** | **25,016** | **39,837** | **21,473** |

(i) Is ionann an t-airgead atá á choinneáil i ndáil le híocaíochtaí Clár agus na méideanna arna dtarraingt ó Ranna Rialtais chun a chur ar chumas FCSAE a chuid dualgas a chomhlíonadh maidir le híocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail ar bhonn tráthúil, móide aon airgead atá faighte ó AE ach nach bhfuil íoctha le Ranna Rialtais go fóill. Baintear úsáid as na méideanna sin agus déantar iad a atharraingt go ráithiúil i gcomhréir le riachtanais réamh-mheasta. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, airíodh san iarmhéid thart ar £23.43m (€26.41m) a bhaineann le réamhíocaíochtaí AE i ndáil le PEACE IV agus INTERREG VA, agus táthar ag súil go n-íocfar é seo le RA/RCPA le linn 2018.

## 11(a) Creidiúnaithe méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 £'000 | 2016 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála agus Tionscadail | | 10 | - | 9 | - |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | (i) | 13,736 | 1,513 | 12,188 | 1,299 |
| Airgead ó CFRE is dlite do Ranna Cuntasacha | (ii) | 65,784 | 73,518 | 58,371 | 63,106 |
| Méideanna eile is dlite do Ranna | (iii) | 188 | 245 | 167 | 210 |
| | | **79,718** | **75,276** | **70,735** | **64,615** |

## 11(b) Creidiúnaithe méideanna atá dlite tar éis bliana amháin

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 £'000 | 2016 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Airgead ó CFRE is dlite do Ranna Cuntasacha | (ii) | 127 | - | 113 | - |
| | | **127** | **-** | **113** | **-** |

(i) I dtaca leis na Cláir PEACE III agus INTERREG IVA, caitear leis an gcistiú a fhaightear atá de bhreis ar an gcaiteachas aitheanta mar ioncam iarchurtha agus déantar taifead air in 'Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha'.

(ii) Tarraingítear cistí ó na Ranna agus baintear úsáid astu chun éascú d'íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail le linn na bliana. Cuirtear éilimh isteach ansin faoi choinne aisíocaíochta ar ghné CFRE den chaiteachas incháilithe a tabhaíodh. Nuair a fhaightear na haisíocaíochtaí sin ón gCoimisiún Eorpach, ní mór do FSCAE na Ranna Cuntasacha a aisíoc (tríd RA agus RCPA). Amhail ar an 31 Nollaig 2017 ba é an méid a bhí dlite do Ranna i leith PEACE III agus INTERREG IVA ná €39,374,343, (£34,937,305), a bheidh dlite lena aisíoc laistigh d'aon bhliain amháin agus €127,351 (£113,000) a bheidh dlite lena aisíoc tar éis bliana amháin.

Tá airleacain de €26,410,332 (£23,434,190) i ndáil le Cláir PEACE IV agus INTERREG VA san áireamh freisin san iarmhéid sin, agus tá siad go léir iníoctha le RA/ RCPA laistigh d'aon bhliain amháin.

(iii) Tá na suimeanna eile atá dlite do Ranna déanta suas go príomha d'iarmhéideanna reatha de bhunchistiú ó Ranna Urraíochta an FCSAE

## 12. Pinsin

### a) Anailís ar chostais iomlána phinsin arna gcur de mhuirear ar an gCaiteachas:

| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | £'000 | £'000 |
| Costas seirbhíse reatha | 1,223 | 841 | 1,072 | 688 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | 332 | 306 | 291 | 250 |
| | **1,555** | **1,147** | **1,363** | **938** |

### b) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | £'000 | £'000 |
| Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | 14,225 | 9,291 | 12,210 | 6,826 |
| Costas seirbhíse reatha | 1,223 | 841 | 1,072 | 688 |
| Ús ar dhliteanais scéime | 332 | 306 | 291 | 250 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach – gluaiseachtaí airgeadra san áireamh | (1,468) | 5,567 | (1,287) | 4,552 |
| Glanaistrithe isteach/(amach) | - | - | - | - |
| Sochair a íocadh | (88) | (130) | (77) | (106) |
| Difríochtaí malairte | (464) | (1,650) | - | - |
| Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig | **13,760** | **14,225** | **12,209** | **12,210** |

Tá ranníocaíochtaí na mball san áireamh sa Chostas Seirbhíse Reatha, agus b'ionann iad agus £107k (€122k) in 2017, agus £109k (€133k) in 2016. Íocadh na suimeanna sin leis na Ranna Urraíochta de réir na sásraí cistithe atá comhaontaithe.

Léirítear leis an gcoigeartú aistrithe airgeadra an chuid den ghluaiseacht i luach dhliteanas na scéime pinsin gur féidir cur i leith an athraithe ar na rátaí malairte thar an mbliain.

## 12. Pinsin (ar lean)

**Seo a leanas anailís ar ghluaiseacht an easnaimh sa Phlean sa tréimhse:**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí | 1,088 | (1,358) | 954 | (1,110) |
| Gnóthachan/(caillteanas) ar athrú na mbonn tuisceana airgeadais (gluaiseachtaí airgeadra san áireamh) | 380 | (4,209) | 333 | (3,442) |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach** | **1,468** | **(5,567)** | **1,287** | **(4,552)** |

Is é an t-athrú ar na rátaí lascaine is mó is cúis leis an ngnóthachan ar athrú na mbonn tuisceana, agus le luacháil iomlán achtúireach do bheith curtha i gcrích (féach nóta 12e).

### c) Cistiú Iarchurtha faoi choinne Pinsean

I gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a glacadh leis roimhe seo do na comhlachtaí Thuaidh Theas, aithníonn FCSAE sócmhainn arb ionann í agus na hacmhainní atá le cur ar fáil ag Státchistí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann don dliteanas neamhchistithe iarchurtha i gcomhair pinsean bunaithe ar roinnt teagmhas a tharla san am a chuaigh thart. I measc na dteagmhas sin tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas sa dá dhlínse maidir le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, agus próiseas na meastachán bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil comhaontú foirmiúil ar bith ann, agus dá bhrí sin nach bhfuil ráthaíocht ar bith ann ó na comhlachtaí cistithe maidir leis na méideanna sainiúla atá i gceist, níl fianaise ar bith ag FCSAE a thabharfadh le fios nach mbeidh fáil leanúnach ar an méid sin amhail mar atá faoi láthair faoin gcleachtas reatha

Is mar seo a leanas a bhí an Glanchistiú Iarchurtha faoi choinne Pinsean a aithníodh sa

| **Ráiteas Ioncaim:** | **2017** | **2016** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **£'000** | **£'000** |
| Cistiú Inghnóthaithe i ndáil le costais phinsean na bliana reatha | 1,555 | 1,148 | 1,363 | 938 |
| Sochair a íocadh le linn na bliana | (88) | (130) | (77) | (106) |
| | **1,467** | **1,018** | **1,286** | **832** |

B'ionann sócmhainn an chistithe iarchurtha faoi choinne pinsean amhail ar an 31 Nollaig 2017 ná €13.760m (£12.209m); 2016:€14.225m (£12,210m).

## 12. Pinsin (ar lean)

### d) Stair na n-oibleagáidí um shochair shainithe

| | **2017 £'000** | 2017 €'000 | **2016 £'000** | 2016 €'000 | **2015 £'000** | 2015 €'000 | **2014 £'000** | 2014 €'000 | **2013 £'000** | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí um shochair shainithe | **(12,209)** | (13,760) | **(12,210)** | (14,225) | **(6,826)** | (9,291) | **(7,511)** | (9,644) | **(6,231)** | (7,477) |
| Coigeartú ó thaithí ar dhliteanais, agus tionchar gnóthachain/ (caillteanais) an ráta malairte san áireamh | **954** | 1,088 | **(1,110)** | (1,358) | **104** | 143 | **205** | 254 | **18** | 21 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | **7.90%** | 7.90% | **-9.10%** | -9.10% | **1.50%** | 1.50% | **2.70%** | 2.70% | **0.30%** | 0.30% |

### e) Cur síos ginearálta ar an Scéim

Scéim pinsin il-fhostóra le sochar sainithe atá sa Scéim Phinsin Thuaidh/Theas, arna feidhmiú le faomhadh na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas agus na nAirí Airgeadais. Is éard atá sa scéim pinsean ná roinnt codanna ag a bhfuil struchtúir éagsúla i dtaobh sochar. Is iad na príomhchodanna:

Cuid an Bhuntuarastail Deiridh – seo socrú faoina mbíonn an pinsean bunaithe ar an tuarastal deiridh agus ina mbíonn na sochair de réir shamhail na coda Clasaicí de Phríomhscéim Pinsean na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Trí bhíthin na scéime, cuirtear pinsean ar fáil (ochtaduithe faoi choinne gach bliain seirbhíse) mar aon le haisce nó cnapshuim (trí ochtadú faoi choinne gach bliain seirbhíse) agus pinsin i leith céilí agus leanaí. Is é 60ú breithlá an bhaill an Ghnáthaois Scoir. Tagann méadú ar phinsin arna n-íoc (agus atá iarchurtha) i gcomhréir le boilsciú ginearálta praghsanna.

An chuid 'Core alpha' – seo socrú faoina mbíonn an pinsean bunaithe ar an tuilleamh athluacháilte thar mheán na gairmré nó an scéim CARE, ina mbíonn na sochair de réir shamhail na coda alpha de Phríomhscéim Pinsean na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Íocann an scéim pinsean atá bunaithe ar chéatadán (2.32%) den phá inphinsin maidir le gach bliain de bhallraíocht ghníomhach (méadaítear an pinsean ag tús gach bliana den scéim ag teacht leis an mboilsciú ginearálta praghsanna) agus pinsin i leith céilí agus leanaí. Is ionann an Ghnáthaois Scoir agus Aois an Phinsin Stáit i gcás baill sa dlínse ábhartha, is é sin, faoi láthair, 67, 68 nó idir 67 agus 68 sa Ríocht Aontaithe agus 68 in Éirinn. Tagann méadú ar phinsin arna n-íoc (agus atá iarchurtha) i gcomhréir le boilsciú ginearálta praghsanna.

I gcás fhormhór na mball den chuid Core, bíonn sochair acu sa chuid Tuarastail Deiridh agus sa chuid alpha araon, agus is iondúil go mbeidh iontrálaithe nua a ghlacfaidh páirt sa Scéim tar éis an 1 Aibreán 2015 ina mbaill den chuid Core alpha.

Tá an luacháil a úsáideadh don nochtadh FRS17 amhail an 31 Nollaig 2016 déanta ag achtúire cáilithe neamhspleách (Deloitte Total Reward & Benefits Ltd). Ullmhaíodh na torthaí i mbliana trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime agus aird ar dhálaí an mhargaidh agus sonraí na scéime amhail an 31 Nollaig 2016.

## 12. Pinsin (ar lean)

Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana:

| | 31-Noll-17 | 31-Noll-16 | 31-Noll-15 | 31-Noll-14 | 31-Noll-13 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráta lascaine: | | | | | |
| TÉ | 2.5% | 2.7% | 3.7% | 3.6% | 4.5% |
| PÉ | 2.1% | 1.9% | 2.65% | 2.1% | 3.5% |
| Ráta boilsciú: | | | | | |
| TÉ | 2.1% | 2.3% | 1.9% | 2.0% | 2.5% |
| PÉI | 1.65% | 1.5% | 2.0% | 2.0% | 2.0% |
| Ráta méadaithe na dtuarastal | | | | | |
| TÉ | 2.1% | 2.3% | 2.9% | 3.0% | 4.0% |
| PÉ | 3.0% | 3.0% | 3.0% | 3.0% | 4.0% |
| Meánráta méadaithe na bpinsean: | | | | | |
| TÉ | 2.1% | 2.3% | 1.9% | 2.0% | 2.5% |
| PÉ (méadaithe sna tuarastail) | 3.0% | 3.0% | 3.0% | 3.0% | 4.0% |
| PÉ (PIT) | 1.65% | 1.5% | 2.0% | 2.0% | 2.0% |
| Meánfhad ionchasach saoil ag aois 65 bliain anois do: | | | | | |
| Fear atá 65 bliana d'aois | 22.1 | 22.2 | 21.9 | 22.1 | 21.6 |
| Bean atá 65 bliana d'aois | 23.9 | 24.2 | 23.8 | 24.3 | 24.2 |
| Fear atá 45 bliana d'aois | 23.5 | 23.9 | 23.1 | 23.5 | 23.5 |
| Bean atá 45 bliana d'aois | 25.4 | 26.1 | 25.3 | 25.8 | 26.0 |

## 13. Nótaí leis an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

### 13.1 Réiteach an toraidh don tréimhse leis an nglan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 £'000 | 2016 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Barrachas/(easnamh) don tréimhse** | - | - | - | - |
| **Coigeartú faoi choinne na n-idirbheart nach raibh airgead tirim i gceist leo** | | | | |
| Difríochtaí malairte ar aistriú iarmhéideanna airgid tosaigh ar an 1 Eanáir | 816 | (2,280) | 724 | (1,957) |
| Dímheas | 135 | 140 | 118 | 114 |
| Scaoileadh an Deontais Caipitil | (135) | (140) | (118) | (114) |
| Difríocht ar Aistriú Airgeadra Eachtraigh | - | - | - | - |
| Cúlchistí a ndearnadh a fhritháireamh i gcoinne chistiú ó Roinn | - | - | - | - |
| **Coigeartuithe faoi choinne gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | | |
| Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe | 14,531 | (6,784) | 11,438 | (11,198) |
| (Laghdú) ar chreidiúnaithe | 5,349 | 3,236 | 6,926 | 11,683 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **20,696** | **(5,828)** | **19,088** | **(1,472)** |

### 13.2 Réiteach an ghlan-eis-sreafa airgid le gluaiseacht sa ghlanfhiachas

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 £'000 | 2016 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc amhail ar an 1 Eanáir | 25,016 | 28,564 | 21,473 | 20,988 |
| Ath-aistriú go dtí rátaí malairte na bliana reatha | (816) | 2,280 | (724) | 1,957 |
| | 24,200 | 30,844 | 20,749 | 22,945 |
| Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid | 20,696 | (5,828) | 19,088 | (1,472) |
| Airgead sa bhanc amhail ar an 31 Nollaig | 44,896 | 25,016 | 39,837 | 21,473 |

## 14. Soláthairtí & agus dliteanais theagmhasacha

### 14. Soláthairtí & dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon soláthairtí ná dliteanais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2017 ná amhail ar an 31 Nollaig 2016.

## 15. Ceangaltais na Léasanna Oibriúcháin

Amhail ar an 31 Nollaig bhí ceangaltas ar FSCAE maidir leis na híocaíochtaí seo a leanas a dhéanamh i rith na bliana seo chugainn maidir le léasanna oibriúcháin:

| | Talamh agus Foirgnimh 2017 | Eile 2017 | Talamh agus Foirgnimh Athsho-nraithe Buildings 2016 | Nithe eile Athshonra-ithe 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí íosta amach anseo faoi léasanna neamh-dhochealaithe i leith gach aon tréimhse de na tréimhsí seo a leanas:- | | | | |
| (i) Laistigh de bhliain amháin | 271 | 4 | 316 | 9 |
| (ii) Laistigh de thréimhse bliana amháin agus tréimhse cúig bliana;agus | 932 | - | 1,024 | - |
| (iii) Tar éis cúig bliana | 422 | - | 655 | - |
| | **1,625** | **4** | **1,995** | **9** |
| Iomlán na n-íocaíochtaí íosta amach anseo faoi léasanna neamh-dhochealaithe i leith gach aon tréimhse de na tréimhsí seo a leanas:- | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** |
| (i) Laistigh de bhliain amháin | 240 | 3 | 271 | 8 |
| (ii) Laistigh de thréimhse bliana amháin agus tréimhse cúig bliana; agus | 827 | - | 879 | - |
| (iii) Tar éis cúig bliana | 375 | - | 562 | - |
| | **1,442** | **3** | **1,712** | **8** |

## 16. Ceangaltais Chaipitiúla

Ní raibh aon cheangaltais chaipitiúla ar FSCAE amhail ar an 31 Nollaig 2017 ná amhail ar an 31 Nollaig 2016.

## 17. Ceangaltais Deontais

Ar 31 Nollaig 2017, bhí ceangaltais ar FCSAE i leith roinnt Príomhchomhpháirtithe, tar éis do roinnt Litreacha Tairisceana a bheith eisithe agus glactha.

| | Deontas deonaithe | Íoctha go dtí seo | Ceangaltas gan Íoc 31/12/2017 | Ceangaltas gan Íoc 1/12/2016 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| PEACE IV | 195,082 | 4,582 | 190,500 | - |
| INTERREG VA | 225,067 | 6,600 | 218,467 | 6,763 |
| | **420,149** | **11,182** | **408,967** | **6,763** |

Baineann na ceangaltais thuas ar fad le Cláir 2014-20.

Bhí na Litreacha Tairisceana go léir a eisíodh in 2017 ainmnithe in Euro.

## 18. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas é an Foras um Chláir Speisialta an AE (FCSAE) arna urrú ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe in Éirinn.

Meastar gur páirtithe gaolmhara iad na ranna thuasluaite. Bhí idirbhearta éagsúla ag FCSAE leis na ranna seo a leanas le linn na bliana:

(1) Soláthraíonn Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Airgeadais Seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí do FCSAE de réir Chomhaontaithe Seirbhíse ar neamhthuilleamaí. Tá na costais a tabhaíodh le feiceáil i Nóta 7 a ghabhann leis na cuntais seo.

(2) Soláthraíonn aonad sainiúil sa Roinn Airgeadais feidhmeanna an Údaráis Iniúchóireachta ar bhonn comhpháirtíochta idir na ballstáit. Tá an gaol sin á rialú faoi Chomhaontú Seirbhíse.

(3) Tá Comhaontú Seirbhíse ag FCSAE le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus Thaighde (NISRA), ar gníomhaireacht feidhmiúcháin í taobh istigh de RA, a sholáthraíonn seirbhís mhonatóireachta agus luachála maidir leis na Cláir.

(4) Tá Comhaontú Seirbhíse ag FCSAE leis an Stiúrthóireacht Lárnach Soláthair arb ionann í agus an tIonad Saineolais ar Sholáthar in RA. Bíonn FCSAE i dteagmháil leis an Stiúrthóireacht sin ar bhonn ad hoc maidir le comórtais soláthair a bhainistiú agus maidir le comhairle a thabhairt faoi sholáthar i dtaca le tionscadail foirgníochta.

## 19. Caillteanais agus Íocaíochtaí Speisialta

Níor tharla aon chaillteanais agus ní dhearnadh aon Íocaíochtaí Speisialta sa bhliain.

## 20. Ionstraimí Airgeadais agus Rioscaí maidir le Leachtacht, Rátaí Úis agus Airgeadra Eachtrach

### 20.1 Ionstraimí Airgeadais

Mar gheall ar gan gníomhaíochtaí trádála a bheith ar bun ag FCSAE agus mar gheall ar an gcaoi a ndéantar é a chistiú, bíonn FCSAE cosanta ar chuid de na rioscaí airgeadais a mbíonn aonáin ghnó neamhchosanta orthu. Is beag cumhacht atá ag FCSAE maidir le hairgead a fháil ar iasacht nó cistí barrachais a infheistiú. Gintear na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais trí ghnáthghníomhaíochtaí oibríochtúla agus ní choinnítear iad le hathrú a dhéanamh ar na rioscaí a bhíonn roimh FCSAE agus a chuid gníomhaíochtaí ar siúl aige.

### 20.2 Rioscaí maidir le Leachtacht, Ráta Úis agus Airgeadra Eachtrach

Déantar na riachtanais a bhíonn ag FSCAE i dtaobh acmhainní glanioncaim a chistiú trí acmhainní arna vótáil ar bhonn bliantúil ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag an Oireachtas. Is ar an gcaoi chéanna a dhéantar cistiú ar a chaiteachas caipitiúil. Ní bhíonn sé neamhchosanta, dá bhrí sin, ar rioscaí suntasacha leachtachta. Ní fhaigheann FCSAE cistiú ó fhoinsí tráchtála, agus dá bhrí sin níl sé neamhchosanta ar rioscaí suntasacha i dtaobh rátaí úis. Ní suntasach í neamhchosaint FCSAE ar rioscaí maidir le hairgeadra eachtrach toisc go bhfaigheann sé leibhéal cistithe

comhaontaithe óna chuid ranna urraíochta, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i steirling agus in euro faoi seach, agus toisc nach mbíonn sé i mbun gníomhaíochtaí trádála. De bharr gur i steirling a dhéantar formhór na n-idirbheart agus go bhfaightear an chuid is mó den chistiú ar bhonn comhionann ón dá Roinn, áfach, bíonn FCSAE neamhchosanta go pointe ar rioscaí maidir le hairgeadra eachtrach.

Maidir le cistí a tharraingítear ó Ranna Cuntasacha don Láraonad Íocaíochtaí, is iad na Ranna urraíochta a bhíonn faoi riosca maidir le hairgeadra eachtrach.

**21. Sócmhainní Tríú Páirtí**

TNí raibh aon sócmhainní tríú páirtí i seilbh FCSAE amhail an 31 Nollaig 2017..

**22. Teagmhais tar éis dháta na tréimhse tuairiscithe**

Ar dháta faofa na gcuntas seo, níl Pleananna Gnó FCSAE do 2017 agus 2018 faofa go foirmiúil ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas, mar gheall ar gan aon Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann a bheith ann. Bhíothas tar éis socrú teagmhais a chur ar bun faoina bhféadtar deontais a íoc i gcónaí go dtí 31 Nollaig 2018, agus táthar ag súil go leanfar leis an socrú seo ar feadh na coda eile de 2018. Déanfar an caiteachas a thabhairt chun rialtachta go siarghabhálach nuair a bheidh an plean faofa ag an gComhairle.

**23. An Dáta ar ar Faomhadh i gcomhair Eisiúna**

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta faomhadh d'eisiúint na ráiteas airgeadais seo ar 28 Meitheamh 2018.


# Aguisín

## Treoir maidir leis na cuntais arna tabhairt ag Roinn Airgeadais agus Pearsanra Thuaisceart Éireann agus ag Roinn Airgeadais na hÉireann. I gcomhréir leis an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus leis an Acht um Chomhaontú na Breataine- na hÉireann 1999.

Tabharfar léargas fíorcheart sna cuntais bhliantúla ar an ioncam agus ar an gcaiteachas agus ar na sreafaí airgid don bhliain airgeadais, agus ar staid na gcúrsaí amhail deireadh na bliana. Faoi réir an cheanglais sin, ullmhóidh an Foras cuntais don tréimhse airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2000 agus do bhlianta ina dhiaidh sin i gcomhréir le:

a. Tuarascála Bliantúla agus Treoir Chuntas na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas;
b. Treoir eile a fhéadann an Roinn Airgeadais a eisiúint ó am go ham maidir le cuntais atá riachtanach chun léargas fíorcheart a thabhairt;
c. aon nochtadh eile atá ag teastáil ó na Ranna Urraíochta;

ach amháin sa chás ina gcomhaontaítear a mhalairt le Ranna Airgeadais, áit a gcuirfear síos ar an eisceacht sna Nótaí a ghabhann leis na Cuntais.



Arna shíniú le húdarás na Roinne Airgeadais agus Pearsanra
**L O'Reilly**
29 Meitheamh 2001





Department of Finance
**A Dunning**
29 Meitheamh 2001



**Tá méid suntasach cistithe á chur ar fáil i gcomhair líon tionscnamh sláinte agus cúraim shóisialta trasteorann a chuirfidh feabhas ar shaol na ndeicheanna míle duine.**

Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projecks

Arna fhoilsiú ag an bhForas um Chláir Speisialta an AE

**Oifig Bhéal Feirste:**
An 7ú Urlár, Foirgneamh Clarence Thiar,
2 Sr áid Clarence Thiar, Béal Feirste,
Tuaisceart Éireann, BT2 7GP
teil: +44 (0)28 9026 6660
facs: +44 (0)28 9026 6692
r-phost: info@seupb.eu

**Oifig na hÓmaí:**
Áras AE, 11 Bóthar Kevlin, An Ómaigh,
Tuaisceart Éireann, BT78 1LB
teil: +44 (0)28 8225 5750
facs: +44 (0)28 8224 8427
r-phost: omagh@seupb.eu

**Oifig Mhuineacháin:**
Foirgneamh M:TEK II, Bóthar
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán, Éire
teil: +353 (0)47 77003
facs: +353 (0)47 71258
r-phost: monaghan@seupb.eu
suíomh idirlín: www.seupb.eu

9 780995 784239